

Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

CLÁR

Réamhrá

1. Obair Ghinearálta na hOifige	5
2. Athbhreithniú ar an mBliain	8
3. Forbairtí Dlíthiúla 2004	14
4. Ionchúisimh faoi Alt 49(4) – Tástáil Fhianaiseach Anála a Úsáid	18
5. Sócmhainní Coiriúla a Choigistiú	21
6. Gnéithe a bhaineann le Pianbhreith	24
7. Déileáil le Fianaise Leanaí le linn Ionchúisimh Choiriúla	27
8. Eurojustice	30
9. Saoráil Faisnéise	32
10. Staidrimh maidir le Comhaid Ionchúiseamh	33
11. Sliocht as Cuntas Leithreasa 2003	56
12. An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997	57
13. Creat an Phróisis Ionchúiseamh Coiriúil	58
14. Struchtúr na hEagraíochta	59



RÉAMHRÁ



Arís is mór agam Tuarascáil Bhliantúil Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a chur in bhur láthair.

Clúdaíonn an Tuarascáil seo bliain féilire 2004 agus i rith na bliana lean an Oifig ar aghaidh ag comhdhlúthú agus ag neartú na n-athruithe móra a tharla le blianta beaga anuas mar thoradh ar Thuarascáil Nally. Tá an obair sin leagtha amach go mion i gCaibidil 2 den Tuarascáil, a thugann mionchuntas ar fhorbairtí na hOifige i ndáil le go leor saincheisteanna lena n-áirítear teicneolaíocht an eolais, bainistiú cáis, oiliúint agus forbairt foirne, cumarsáid leis an bpobal agus comhoibriú le gníomhaireachtaí laistigh den chóras ceartais choiriúil, a bhfuil gach ceann acu ceaptha feabhas a chur ar mhisean na hOifige seirbhís ionchúisimh a sholáthar thar ceann

Mhuintir na hÉireann a bheidh neamhspleách, cóir agus éifeachtach.

Tá súil agam go mbeidh an t-eolas staitistiúil úsáideach agus faisnéiseach. Is fothoradh é an t-eolas sin a chruthaíonn ár gcóras rianaithe cáis atá á fhorbairt fós. Caithfear a bheith cúramach nuair a chuirtear na staitisticí seo i gcomparáid le staitisticí a bhíonn foilsithe ag gníomhaireachtaí eile lena chinntiú gur ionann na boinn chomparáide. Rangaíonn ár gcóras cásanna de réir na bliana agus cruthaimid comhad. Le himeacht ama is féidir pictiúr níos iomláine a fheiceáil den chohórt cásanna as gach bliain.

Cé gur lean na cásanna ag éirí níos casta, d'fhan líon na gcomhad ar déileáladh leo san Oifig seasmhach i 2004 i gcomparáid leis an dá bhliain roimhe sin. Tá sé deacair é sin a thomhas mar gheall nach mbíonn pictiúr iomlán cáis soiléir i gcónaí nó go mbíonn sé curtha i gcrích.

I ngnáth-bhliain ionchúisítear tuairim is 60% de na comhaid a fhaightear san Oifig. Léiríonn an anailís ar na cúiseanna nach n-ionchúisítear cásanna, cúiseanna nach nochtaítear i gcásanna aonair ach amháin don Garda Síochána, nach ndéantar breis agus 70% de na cásanna sin a ionchúiseamh de bharr easpa fianaise dóthanach. Bíonn pléadáil ciontach i gceist le formhór na gcásanna a ionchúisítear. Le blianta beaga anuas, bhí pléadáil ciontach mar thoradh ar idir 87 agus 90% de na hionchúisimh ar fad le ráta ciontaithe foriomlán de 95%. Bíonn éigíontú i gceist le 5% de chásanna.

Beidh roinnt dúshlán mór roimh an Oifig sna blianta amach romhainn.

Ar an gcéad dul síos tá sé riachtanach go dtabharfaí an tionscadal maidir le freagracht as an tseirbhís aturnaetha stáit lasmuigh de Bhaile Átha Cliath a aistriú chuig na hOifige, chun críche go gairid. Tá sé dodhéanta go mbeadh seirbhís ionchúisimh “aontaithe” ann an fhad is a bhíonn freagracht as an tseirbhís sin ilroinnte. Tá an reachtaíocht ann anois chun a chur ar chumas na seirbhíse an t-aistriú a dhéanamh. Braithfidh dul chun cinn breise ar chaibidlíocht leis na hAturnaetha Stáit atá ann maidir le téarnaí conartha.

Ar an dara dul síos tá sé thar a bheith riachtanach go mbeadh an Oifig lonnaithe in aon áitreabh ceanncheathrún amháin, agus b’fhearr dá mbeadh sin i ngar do lárionad nua na cúirte coiriúla atáthar á thógáil faoi láthair i Sráid Gheata na Páirce. Is cur amú acmhainní é an dé-ionadas atá ann idir Shráid na Mainistreach agus Sráid Mhuirfean agus cuireann sé bac ar an Oifig a poitéinseal a bhaint amach go hiomlán.

Ar an tríú dul síos agus b’fhéidir gurb é sin an dúshlán is mó, caithfidh an Oifig leanúint lena fócas ar íospartaigh na coiriúlachta a fhorbairt. Cé go ndéanann an Oifig ionadaíocht ar na Daoine go hiomlán seachas ar íospartaigh aonair nó ar a dteaghlaigh, caithfidh an Oifig a bheith chomh mothálach agus is féidir maidir le cearta na n-íospartach agus iad ar na daoine is mó faoi thionchar na coire. Chuamar i ngleic leis sin i rith na bliana ar shlí a bhí an-inláimhsithe trí chomhdháil ar finnéithe agus ar íospartaigh ar leanaí iad a reáchtáil i gcomhar le dhá Ospidéal Leanaí i mBaile Átha Cliath. Táim fíor-shásta gur éirigh leis an gcomhdháil sin roinnt d’ábhar inní na n-íospartach a thairraingt ar aird. Déantar mionphlé ar an gcomhdháil i gCaibidil 7.

Dar linn, is gné thábhachtach den phróiseas ionchúisimh é ár dtiomantas a chur in iúl don íospartach agus féachaimid lena chinntiú go mbeidh a fhios ag na híospartaigh agus ag a dteaghlaigh faoina dteidlíochtaí, lena n-áirítear eolas maidir le dul chun cinn a gcás agus an ceart atá acu aighneachtaí a dhéanamh chuig an Oifig seo. Fáiltimid roimh Choimisiún Tacaíochta d’Íospartaigh Coiriúlachta arna bhunú ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Rinne an Oifig aighneacht chuig an gCoimisiún ina raibh béim ar an obair luachmhar a dhéanann daoine roimh an triail agus ina diaidh agus iad ag tabhairt tacaíochta d’íospartaigh ag an gcúirt. Leanfaimid ag comhoibriú le grúpaí a dhéanann ionadaíocht ar íospartaigh na coiriúlachta agus beimid ag iarraidh go bhforbrófaí an tsoláthar eolais ghinearálta do na híospartaigh. Leanfaimid le hathbhreithniú ar ár mbeartas maidir le bheith ag déileáil le híospartaigh de réir mar a dhéanaimid iarracht freagairt do riachtanais na sochaí atá ag athrú. Beidh an dá leabhrán eolais atá i ngnáthchaint i mBéarla agus i nGaeilge ar “Ról an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí” agus “Ag Freastal sa Chúirt mar Fhinné” atá ar fáil ar ár láithreán gréasáin ag www.dppireland.ie ar fáil i Rúisis agus i Sínis go gairid. Tá siad ar fáil freisin i gcló Braille agus i bhformaid chloschaiséid.

Mar fhocal scoir ba mhaith liom buíochas a ghabháil le m’fhoireann féin chomh maith leis na daoine eile agus na gníomhaireachtaí a n-oibríonn an Oifig leo, as a ndúthracht agus as a ndianobair i rith 2004.



James Hamilton
An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
Meán Fómhair 2005

RÁITEAS MHSIN

Seirbhís ionchúisimh atá
neamhspleách, cóir agus éifeachtach
a chur ar fáil do Phobal na hÉireann.

1 OBAIR GHINEARÁLTA NA HOIFIGE

- 1.1 Bunaíodh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí leis an Acht um Ionchúiseamh i gCionta, 1974. Is ceann de na bun-fheidhmeanna a thugtar don Stiúrthóir faoin Acht ná ionchúisimh poiblí agus nithe coiriúla a bhaineann leo a threorú agus a mhaoirsiú.
- 1.2 Is ón nGarda Síochána, an phríomh-ghníomhaireacht imscrúdaithe náisiúnta, a fhaigheann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí formhór na gcásanna coiriúla lena ndéileáil an Oifig. Mar sin féin, tarchuireann gníomhaireachtaí imscrúdúcháin speisialta eile roinnt cásanna chuig an Oifig freisin, lena n-áirítear na Coimisinéirí Ioncaim, an tAturnae Ioncaim, ranna Rialtais, an tÚdaras Sláinte agus Sábháilteachta, An Post, an tÚdarás Iomaíochta, an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach, agus údaráis áitiúla.
- 1.3 Is luach fíorthábhachtach de chuid na hOifige neamhspleáchas an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Luaitear go sonrach san Acht um Ionchúiseamh i gCionta, 1974 go mbeidh an Stiúrthóir “neamhspleách ag comhlíonadh a fheidhmeanna dó”. Cosnaíonn Alt 6 d’Acht 1974 neamhspleáchas an Stiúrthóra trí cheangal a chur ar an Stiúrthóir agus a chuid oifigeach gan aon chumarsáid nó uiríoll a ghlacadh más ionann an chumarsáid nó an uiríoll agus baint mhíchuí le comhlíonadh a fheidhmeanna.
- 1.4 Tá trí roinn in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí:
- Tar éis comhad imscrúdaithe a scrúdú, déanann an **Roinn Treorúcháin** cinneadh maidir le cibé acu ar chóir nó nár chóir ionchúiseamh a bheith ann nó má tá sé tosaithe cibé acu ar chóir nó nár chóir leanúint ar aghaidh leis. Cuirtear in iúl sa treoir a eisítear na cúisimh, más ann, a thabharfar os comhair na gcúirteanna. I gcásanna áirithe beidh gá le breis faisnéise agus imscrúdaithe sula bhféadfar cinneadh a dhéanamh. Bunaítear cinneadh chun dul ar aghaidh le hionchúiseamh ar chás *prima facie* - fianaise a d’fhéadfadh, cé nach gá go dtarlódh sé, cúirt nó giúiré a threorú chuig cinneadh go bhfuil an duine ciontach sa chion, thar amhras réasúnach. Tar éis cinneadh a dhéanamh chun dul ar aghaidh le hionchúiseamh, tugann an Roinn Treorúcháin, i gcomhairle le Roinn na nAturnaetha, treoracha agus teagasc ó am go ham chun a chinntiú go ndéanfar an t-ionchúiseamh a sheoladh go cuí.
 - Gníomhaíonn **Roinn na nAturnaetha**, faoi cheannas an Phríomh-Aturnae Ionchúiseamh, mar aturnae don Stiúrthóir agus don Gharda Síochána le linn cásanna a ullmhú agus a chur i láthair i gCúirt Dúiche nó Cúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil nó i gCúirt Choiriúil Speisialta, sa Chúirt Achomhairc Choiriúil, agus san Ard-Chúirt agus sa Chúirt Uachtarach. Lasmuigh de limistéar Bhaile Átha Cliath, déileálann 32 aturnaetha stáit áitiúla le cásanna ina limistéir réigiúnacha féin.

- Soláthraíonn an **Roinn Riaracháin** seirbhísí eagraíochta, bonneagair, riaracháin agus faisnéise a theastaíonn ón Oifig agus tugann sí tacaíocht freisin don Roinn Treorúcháin agus do Roinn na nAturnaetha.

1.5 Áirítear ar obair na hOifige:

- na comhaid imscrúdaithe coiriúla a chuirtear faoi bhráid na hOifige a bhreithniú
- cinneadh a dhéanamh cibé acu ar chóir nó nár chóir ionchúiseamh a thionscnamh nó cibé acu ar chóir nó nár chóir ionchúiseamh a bheidh tionscnaithe cheana féin ag an nGarda Síochana a leanúint ar aghaidh agus comhairle a thabhairt maidir le haon imscrúdaithe eile a mbeidh gá leo chun ionchúiseamh a thosú nó a leanúint ar aghaidh
- cinneadh a dhéanamh maidir leis na cúisimh a thabharfar agus aon chúisimh a mbeifear tar éis iad a thabhairt a bhreithniú
- cinneadh a dhéanamh maidir leis na profaí agus na hábhair eile a bheidh le tabhairt don chúirt agus don chúisí, lena n-áirítear saincheistean a bhaineann le hábhar nár úsáideadh a nochtadh don chosaint
- ionchúisimh choiriúla a chur i láthair i gCúirteanna Dúiche Dhúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath agus achomhairc a eascraíonn astu a a chur i láthair sa Chúirt Chuarda
- na hionchúisimh choiriúla indíotáilte go léir a bheidh liostaithe i mBaile Átha Cliath a ullmhú agus a chur i láthair – lena n-áirítear triail sa Chúirt Chuarda Choiriúil, sa Chúirt Choiriúil Speisialta agus sa Phríomh-Chúirt Choiriúil
- abhcóidí a ainmniú agus a theagasc sna cúirteanna triail éagsúla chomh maith leis an Ard-Chúirt, an Chúirt Uachtarach agus an Chúirt Achomhairc Choiriúil
- teagasc a thabhairt maidir le hionchúiseamh i dtriail choiriúla a sheoladh lena n-áirítear cinntí a eisiúint faoi na ceistean dlí agus beartas poiblí éagsúla a éiríonn i gcúrsa

imeachtaí coiriúla

- dul i gcomhairle de réir mar is gá le habhcóidí, aturnaetha stáit, comhaltaí den Gharda Síochána agus finnéithe gairmiúla
- cinntí a dhéanamh maidir le táillí abhcóidí a bheidh ag gníomhú thar cheann an Stiúrthóra agus na táillí sin a urscaoileadh
- cinntí a dhéanamh maidir le cibé acu ar chóir nó nár chóir achomhairc, lena n-áirítear achomhairc ar mhodh cáis shonraithe, a thabhairt nó ar chóir dul i ngleic leo agus imeachtaí ar athbhreithniú breithiúnach a thabhairt agus a chosaint
- iarratais ar bhannaí agus *habeas corpus* a éiríonn as imeachtaí coiriúla a chosaint
- pianbhreitheanna a meastar iad a bheith ró-thrócaireach a tharchur chuig an gCúirt Achomhairc Choiriúil
- gearáin agus líomhaintí ó chomhaltaí den phobal maidir le déanamh cionta coiriúla a bhreithniú agus, de réir mar is cuí, a tharchur chuig Coimisinéir an Gharda Síochána
- comhaid a bheidh curtha faoina bráid ag an mBord um Ghearáin i gCoinne an Gharda Síochána a bhreithniú
- doiciméid a mbeidh gá leo chun iarratais ar eiseachadadh isteach sa Stát a phróiseáil a dhréachtú nó a chur i gcrích
- iarratais ar chúnamh frithpháirteach idirnáisiúnta i nithe coiriúla a dhréachtú agus a dhéanamh
- bheith páirteach i gcoistí agus meithleacha oibre a bhaineann le dlí agus nós imeachta coiriúil; clár speisialta oiliúna maidir le gnéithe d'ionchúiseamh coireachta don Gharda Síochana a éascú; agus comhdhálacha a eagrú i dtaobh nithe a bhaineann le ceartas coiriúil chun tairbhe ár ngeallchoimeádaithe
- comhoibriú agus páirteachas i gcomhthionscnaimh le gníomhaireachtaí eile atá freagrach as gnéithe den cheartas

coiriúil, lena n-áirítear an Garda Síochána;
na Coimisinéirí Ioncaim; an tÚdarás
Iomaíochta; an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú
Corparáideach; an tÚdaras Sláinte
agus Sábháilteachta; gníomhaireachtaí
ionchúiseamh eile; an tSeirbhís Chúirteanna;
an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais
agus Athchóirithe Dlí; an Coimisiún um
Athchóiriú an Dlí; an tSaotharlann Dlí-
Eolaíochta; an Paiteolaí Stáit; An Lia-Bhiúró
um Shábháilteacht ar Bhóithre; Oifig an Ard-
Aighne; chomh maith le heagraíochtaí eile
a chuireann ionadaíocht ar fáil do leasanna
íobartach

2 ATHBHREITHNIÚ AR AN MBLIAIN

2.1 Mar a dúradh i gcaibidlí roimhe seo, is é croilár oibre Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí ná comhaid maidir le himscrúdaithe coiriúla a scrúdú, cinntí a dhéanamh cibé acu ar chóir nó nár chóir ionchúiseamh a thionscnamh, agus i gcásanna ina ndéanfar amhlaidh an cas a ullmhú agus a chur i láthair sa chúirt. Leagtar amach anailís sonrach maidir leis an ngnéith seo dár gcuid oibre i gCaibidil 10 den tuarascáil seo.

2.2 Is gá na hacmhainní, struchtúir, próiseanna agus córais chuí a bheith againn chun obair na hOifige a chur i gcrích. I rith na bliana 2004 leanadh ar aghaidh le cur i bhfeidhm chlár nuachóirithe na státseirbhíse laistigh den eagraíocht a chabhraigh go mór le forbairt agus le feabhsú na dtacaíochtaí fíorthábhachtacha sin.

2.3 Foilsíodh ár Ráiteas Straitéis don tréimhse 2004 – 2006 go luath sa bhliain a thug deis dúinn ár bplean straitéiseach a leagan amach don tréimhse trí bliana agus díriú ar na hoibiachtaí fíorthábhachtacha a céannaíodh a bheith bunúsach maidir le seirbhís éifeachtúil agus éifeachtach ionchúisimh a sholáthar. I rith na bliana 2004 rinneadh dul chun cinn substaintiúil i dtreo na n-oibiachtaí fíorthábhachtacha sin a bhaint amach.

2.4 De bharr roinnt tionscnamh nuachóirithe a cuireadh i bhfeidhm maidir le raon fairsing gnéithe, bhí an Oifig in ann an bunús a leagan a bheidh ina bhunchloch dár gcuid oibre sa todhchaí. Cuireadh tuarascálacha sonraitheach maidir le dul chun cinn inar léiríodh forbairt na dtionscnamh seo faoi bhráid Ghrúpa Fíoraithe Feidhmíochta na Státseirbhíse i rith na bliana chun ár n-oibleagáidí faoin gComhaontú

Comhpháirtíochta Sóisialaí, *Dul chun Cinn a Chothú*, a chomhall. Tugadh cuireadh don Oifig seo láithriú os comhair an Ghrúpa Fíoraithe Feidhmíochta na Státseirbhíse i mí Deireadh Fómhair 2004 chun an dul chun cinn a baineadh amach agus ár bpleananna chun an tseirbhís ionchúisimh a fhorbairt sa todhchaí a imlíniú tuilleadh. Dhaingnigh an Ghrúpa Fíoraithe Feidhmíochta na Státseirbhíse gur chomhlíon an Oifig ár n-oibleagáidí faoin gcomhaontú *Dul chun Cinn a Chothú* agus gur saothraíodh íocaíocht na méaduithe pá a fuair na gráid foirne go léir i rith na bliana faoin mbabhta ginearálta. Tá na Tuarascálacha maidir le Dul chun Cinn a sholáthar an oifig seo don Roinn Airgeadais le fail ar láithreán gréasáin na Roinne ag www.finance.gov.ie.

An Timpeallacht Dhlíthiúil

2.5 Oibríonn an Oifig i dtimpeallacht dhlíthiúil atá ag athrú i gcónaí. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach dúinn súil a choinneáil ar fhorbairtí dlíthiúla náisiúnta agus idirnáisiúnta agus a chinntiú go bhfuil na hacmhainní ag an bhfoireann chun déileáil leis na dúshláin a thagann le gnéithe nua den dlí coiriúil, atá ag éirí níos casta i gcónaí. Tá sé tábhachtach freisin dúinn oibriú agus dul i gcomhairle go dlúth le gníomhaireachtaí eile a bhíonn ag plé le coireacht a ionchúiseamh. I rith na bliana 2004 d'fhorbair muid roinnt tionscnamh chun dul i ngleic leis na riachtanais sin.

- Leanamar d'infheistíocht a dhéanamh i Seirbhísí Bainistíochta Leabharlann leictreonach a lig dúinn an Cartlann

Dhigiteach Meán a fhorbairt, a cuireadh ar bun don chéad uair i Nollaig 2003, rud a chuireann rochtain deisce ar líne tráthúil ar fáil don fhoireann maidir le breithiúnais cúirte nár tuairiscíodh, ciorcláin de chuid an Gharda Síochána, páipéir taighde dlí, teoracha inmheánacha áirithe agus ár ráiteas nuachta inmheánach maidir le cúrsaí dlí reatha.

- Mar thoradh ar riachtanais a céannaíodh tríd an gCóras Bainistithe agus Forbartha Feidhmíochta, leagadh amach mar thosaíocht inár bPlean Oiliúna agus Forbartha don bhliain 2004 díriú ar oiliúint dhlíthiúil agus cláir oideachais dlí leanúnach don fhoireann. Eagraíodh roinnt seisiúin oiliúna dlí laistigh den oifig le habhcóidí ón Leabharlann Dlí maidir le gnéithe den dlí ina raibh spéis shonrach. D'fhreastal 42% den fhoireann ar chomhdhála náisiúnta agus idirnáisiúnta i rith na bliana a phlé le gnéithe den dlí agus cuid acu a bhain go háirithe le hionchúiseamh coiriúil.
- Lean an Oifig ar aghaidh le seimineáir agus comhdhála a eagrú dár ngeallchoimeádaithe i rith na bliana 2004 chun deiseanna a chur ar fáil chun an cleachtas is fearr maidir le hionchúiseamh coireachta a phlé agus díospóireacht a dhéanamh agus eolas a roinnt maidir leis an ábhar céanna. Tionóladh Seimineár Bhlíantúil na nAturnaetha Stáit i mí Eanáir 2004 agus phlé na toscairí ábhair éagsúla lena n-áirítear achomhairc i gcoinne pianbhreitheanna ró-thrócaireacha; An Acht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, 2003; agus Acht na nGiúiréithe, 1976. Tionóladh an 5ú Comhdháil Bhliantúil d'Ionchúiseoirí i mí Bealtaine 2004 ag a raibh níos mó ná 200 toscairí i láthair ag déanamh ionadaíocht do ghníomhaireachtaí éagsúla atá páirteach sa chóras ceartas coiriúil. Ag *Cur in aghaidh Phornagrafaíocht Leanaí* a bhí mar théama ag an gComhdháil agus ar na cainteoirí bhí an Dr. Patrick Walsh ón Granada Institute; Tom O'Malley ó Choláiste na hOllscoile Gaillimh; Esther George, Comhairleoir Polasaí, Seirbhís Ionchúisimh na Corónach, Sasana agus comhaltaí ón Aonad Imscrúdaithe Coireachta Ríomhaire ó Bhiúró Imscrúdaithe Calaoise an Gharda Síochána. I mí Samhain

2004 d'óstaigh an Oifig seo, in éineacht le hOspidéal na Leanaí i gCroimghlinn agus i Sráid Teampaill, comhdháil maidir le Leanaí is Finnéithe, ábhar a ndéileálar leis i gCaibidil 7 den tuarascáil seo. Bhí an onóir ag an Oifig seo freisin an 7ú Comhdháil Eurojustice a tionóladh i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí Deireadh Fómhair 2004 a óstú, ag a raibh ceannasaithe seirbhísí ionchúiseamh thíortha an Aontas Eorpaigh i láthair, lena n-áirítear na deich tíortha nua. Tá tuairisc ar an gcomhdháil seo i gCaibidil 8 den tuarascáil seo. Ar deireadh, thionól Coiste Dlí Coiriúil an Chomhlachas Barra Idirnáisiúnta a 7ú Comhdháil faoi Choireacht Tras-Náisiúnta i mBaile Átha Cliath i Meitheamh 2004. Ghníomhaigh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí mar chomhchathaoirleach ar an gcomhdháil.

- I mbliana, chuireamar tús le clár de sheimineáir oiliúna réigiúnach do chomhaltaí den Gharda Síochána ag leibhéal Ceannfoirt. Thosaigh na seimineáir i mí Deireadh Fómhair 2004 agus b'iad comhaltaí ón Oifig a sheol na seimineáir. Go dtí seo, seoladh seimineáir i mBaile Átha Cliath, Sligeach, Corcaigh, Cill Chainnigh, Gaillimh and Muilleann gCearr. Tá deis iontach curtha ar fáil dúinn leis an gclár seo caidreamh a bheith againn le comhaltaí sinsearach den Gharda Síochána a bhíonn ag ionchúiseamh cásanna achoimre thar cheann na hOifige i gCúirteanna Dúiche ar fud na tíre agus a chuireann comhaid imscrúdúcháin le chéile chun iad a chur faoi bhráid na hOifige seo i gcásanna thromchúiseacha.
- Chuaigh an Oifig i ngleic leis an athrú a tháinig ar an timpeallacht oibre nuair a shuigh an Phríomh-Chúirt Choiriúil i limistéir réigiúnacha i rith na bliana. Mar gheall air seo bhí gá le hoifigigh ó Roinn na nAturnaetha taisteal go Luimneach agus go hInis chun freastal ar thriail choiriúla maidir le ciontaí a rinneadh sna limistéir sin.
- Chun déileáil go héifeachtach le croílár oibre na hOifige tá sé tábhachtach go leanann muid de bheith i gcomhairle agus ag comhoibriú le gníomhaireachtaí eile ata ag plé leis an gcóras ceartas coiriúil ar leibhéal

náisiúnta agus idirnáisiúnta. In aithint an tábhacht atá le comhoibriú agus gaol oibre tras-ghníomhaireachta lean an fhoireann de bheith páirteach in obair roinnt ghrúpaí oibre agus coistí i rith na bliana lena n-áirítear an Grúpa Idir-Oibreachais Ceartas Coiriúil; Grúpa Ríomhaireachta na Cúirte Uachtaraigh; agus Coiste Éifeachtachta na Cúirte Dúiche. Ar an leibhéal idirnáisiúnta tá an Oifig ag leanúint ar aghaidh ag tabhairt cúnamh do chomhlachtaí éagsúla idirnáisiúnta lena n-áirítear EUROJUST (a bunaíodh chun comhoibriú a fheabhsú i ndáil le cúnamh frithpháirteach maidir le nithe coiriúla); GRECO (a bunaíodh chun a chinntiú go ndéantar Coinbhinsiún na hEorpa i gCoinne Calaoise a chomhlíonadh); agus OLAF (Office Européen de Lutte Anti-Fraude – a bunaíodh chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne calaoise agus éilliú). Tá an Oifig ag leanúint freisin de thacú le hobair an Chomhlachais Barra Idirnáisiúnta agus Comhlachas Idirnáisiúnta na nIonchúiseoirí.

Acmhainní a úsáid go héifeachtach

2.6 Mar an gcéanna le heagraíochtaí eile san earnáil phoiblí creideann an Oifig cé chomh tábhachtach atá sé úsáid chomh héifeachtach agus is féidir a bhaint as acmhainní. I rith na bliana lean an Oifig de bheith ag forbairt córais chun an fhaisnéis is gá a sholáthar do bhainisteoirí chun obair na hOifige a bhainistiú go héifeachtach agus a chinntiú go ndéantar ár n-acmhainní a roinnt agus a úsáid chomh héifeachtachtúil agus is féidir.

- I dTuarascáil Bhliantúil na bliana seo caite, rinneadh tagairt don Tuarascáil Creat Faisnéise Bainistíochta a chríochnú, tuarascáil inar céannaíodh riachtanais faisnéise na hOifige. Céannaíodh trí chatagóir faisnéise a bhí riachtanach. Bhain said seo le hobair dhlíthiúil na hOifige, idirbheart airgeadais na hOifige agus acmhainní daonna na hOifige. Tharraing Tuarascáil Bhliantúil 2003 aird ar chur i bhfeidhm Chórais Bainistíochta Acmhainní Daonna nua na státseirbhíse ag an Oifig. Tuairiscíodh ann freisin go raibh tús curtha ag an Oifig le córas nua cuntasaíochta

a chur i bhfeidhm chun a riachtanais airgeadais a bhaint amach.

- I rith na bliana 2004 cuireadh insealbhú an chórais nua cuntasaíochta i gcrích go tráthúil agus laistigh den bhuiséad. Leis an gcóras seo tá córas cuntasaíochta nua-aoiseach ag an Oifig atá dírithe ar ár riachtanais sonracha. Cuireann sé faisnéis bainistíochta níos fearr ar fáil go háirithe maidir le cuntasaíocht bainistíochta agus le buiséid a leagan amach agus cuirfidh sé tacaíocht ar fáil sa todhchaí maidir le costais a mheas agus cuntasaíocht faibhríthe. Faoin gcóras nua cuntasaíochta tá deireadh curtha le nósanna imeachta neamhéifeachtúil a bhíodh á ndéanamh de láimh agus tá dlús curtha le próiseáil íocaíochtaí. Tá leibhéal seirbhíse atá feabhsaithe go mór á chur ar fáil leis an gcóras nua.
- Baineann an tríú catagóir faisnéise bainistíochta a céannaíodh sa Tuarascáil Creat Faisnéise Bainistíochta le hobair dhíthiúil na hOifige a bhainistiú. Léiríodh i dTuarascáil Bhliantúil na bliana 2003 go raibh an tionscnamh chun na riachtanais Teicneolaíocht Faisnéise a bhaint amach i bhfad níos deacra ná iadsan a bhain leis na córais airgeadais agus acmhainní daonna. Is é atá i gceist leis an tionscnamh seo ná córas Teicneolaíocht Faisnéise nua a fhorbairt chun an obair dhlíthiúil a rinneadh san Oifig do dtí seo chomh maith leis an raon freagrachtaí níos fairsinge a thig as aistriú fheidhmeanna ionchúisimh coiriúil an Príomh-Aturnae Stáit agus, ina dteannta, aistriú beartaithe na seirbhíse aturnae atáit, a bhainistiú.
- Dúradh i dTuarascáil Bhliantúil 2003 go raibh súil go ndéanfaí an próiseas sonraíochta ag roghnaithe maidir leis an gcóras dlíthiúil nua chun cásanna a bhainistiú a chur i gcrích i 2004 agus go gcuirfí tús le hobair fhorbartha ag tús na bliana 2005. Cuireadh an obair shonraíochta i gcrích de réir an sprioc a leagadh amach i 2004 agus cuireadh tús le próiseas tairisceana chun an córas Teicneolaíocht Faisnéise a bhfuil gá leis a thionscnamh. Áfach, nuair a fuair an Oifig na tairiscintí ní raibh sí sásta go raibh an luach airgid iontu sásúil. Dá réir sin, rinne an Oifig

an tairiscint a eisiúint arís. Tá súil anois go dtosódh an obair fhorbartha sa tríú ráithe de 2005. Nollaig 2006 an spriocdháta chun an córas nua a chur i bhfeidhm.

- Cuireadh tús le córas iniúchta inmheánach i rith na bliana chun rialú inmheánach a neartú agus chun an cleachtas is fearr a chomhlíonadh. Ag an am céanna ceapadh Coiste Iniúchta ar a bhfuil dhá chomhalta seachtrach, a mbíonn duine acu ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcoiste. Comhlíonann an Coiste a chuid oibre de réir théarmaí Chairt Iniúchta fhoirmiúil. Tá Plean Iniúchta Inmheánach glactha don tréimhse 2004 – 2006 a chlúdaíonn na príomh-ghnéithe d'obair na hOifige.
 - I dtreo dheireadh na bliana 2004 thosaigh an Oifig cleachtadh maidir le priacal a mheas chun na mór-phriacal do bhaint amach beartaí, aidhmeanna agus oibiachtaí na hOifige a chéannú. Mar chuid den chleachtadh seo tionóladh sraith ceardlanna i measc ranna na hOifige agus ina ndiaidh chéannaigh iadsan a bhí páirteach na priacail agus an chontúirt a bhain leo. Rinne an príomh-fhoireann bainistíochta scrúdú ar na priacail a céannaíodh agus le cúnaimh ón áisitheoir, chur said clár comhdhlúite de na priacail sin le chéile.
 - De thoradh ar chur i bhfeidhm Chéim II den Chóras Bainistíochta Leabharlann i rith na bliana, cuireadh an Modúl Ghnóthaithe agus an Modúl Srathach i gcrích. Mar gheall ar seo is féidir leabhair leabharlainne a ordú, a fháil agus a shonrascú go leictreonach.
 - Cuireadh tús le córas nua ama agus tionraimh, Vision Time Web, i mí na Nollag 2004. De bharr an chórais tá cuid de na freagrachtaí Acmhainní Daonna tiomnaithe do bhainisteoirí a bhfuil rochtain díreach ar líne acu ar an gcóras. Cuireann an córas VTWeb seirbhís níos éifeachtaí agus níos dlúsúla ar fáil agus tá deireadh curtha leis an gcóras páipéir a bhí ann roimhe seo.
- ## Seirbhís ar Ard-Chaighdeán
- 2.7 Is cuspóir leanúnach de chuid Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí é seirbhís ar ard-chaighdeán a chur ar fáil. Bhí ár gcleachtais seanbhunaithe mar bhunús don Chairt maidir le Caighdeán Seirbhíse agus An Plean Gníomhaíochta 2004 – 2006 a foilsíodh i rith na bliana, cáipéis phoiblí inar tugadh deis dúinn na caighdeáin seirbhíse ar féidir súil a bheith leo ón Oifig seo a leagan amach. Rinneadh an Chairt agus an Plean Gníomhaíochta a fhorbairt i gcomhairle lenár ngeallchoimeádaithe ionas go ndéanfaí a dtuairimí agus a raibh said ag súil leis ó thaobh seirbhíse de a thabhairt i gcuntas. Tá cóipeanna den dá cháipéis le fáil ar ár láithreán gréasáin ag www.dppireland.ie.
- Chun caighdeán na seirbhíse a chuirtear ar fáil ón Oifig seo a mheas ní foláir féachaint sa chéad áit ar na staidrimh a léirítear i gCaibidil 10 den tuarascáil seo. Ar áireamh sna staidrimh tá an líon ionchúiseamh ar déileáladh leo; cé chomh tráthúil a bhí muid ag déanamh cinntí; an chaoi inar cuireadh na comhaid sin de láimh; na príomhchúiseanna le cinntí gan ionchúisimh a thabhairt; an toradh a bhí ar ionchúisimh a éistíodh ar díotáil i gcúirt; agus an líon iarratas ar phianbhreitheanna a athbhreithniú de bharr iad a bheith róthrócaireach. Is iondúil go ndéantar comparáid a bhunú ar thréimhse trí bliana. A mhéid is féidir a dhéanamh amach maidir leis an tseirbhís atá á cur ar fáil ag an Oifig, léiríonn scrúdú ar na figiúirí mar chéataidín gur éirigh linn leibhéal na seirbhíse a cuireadh ar fáil le linn na tréimhse sin a chothabháil nó a fheabhsú.
 - Chun tuiscint níos fearr ar obair na hOifige seo a chur chun cinn leanamar ar aghaidh ag cur faisnéis suas chun dáta maidir le hobair na hOifige ar fáil trí fhoilseacháin ón Oifig ar nós Tuarascálacha Bliantúla, Treoirilínte d'Ionchúiseoirí agus Leabhráin Faisnéise. Chuireamar clár oiliúna maidir le hobair na hOifige ar fáil do mhic léinn dlí Dhlí-Chumann na hÉireann agus do mhic léinn i gColáiste Oiliúna an Gharda Síochána sa Teampall Mór.
 - Baineadh go leor úsáide as láithrean gréasáin

na hOifige i rith na bliana chun faisnéis maidir le hobair na hOifige a scaipeadh chuig an oiread daoine is féidir ar shlí a bhí rochtaineach agus tráthúil. Rinneadh athdhearadh ar an láithreán i mí na Nollag 2003 agus le linn na bliana 2004 lean muid d'fhorbairt an láithreáin ag cur béim ar chinntiú go gcomhlíonann sé na treoirlínte rochtaine go léir. Fuair os cionn 25,000 cuairteoir rochtain ar an láithreán gréasáin i 2004.

- Leanamar den Ghaeilge a chur chun cinn trí fhoilseacháin oifigiúla a fhoilsiú go dhá theangach agus trí láithreán gréasáin dátheangach a chothabháil. I rith na bliana 2004, chun ár n-oibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 a chomhlíonadh, chuir an Oifig tús le hobair chun creat pleanála reachtúil a dhréachtadh, ar a dtabharfar “scéim” ina leagfar amach ár ngealltanais chun seirbhísí a sheachadadh trí Ghaeilge le linn na trí bliana seo chugainn. Faoi dheireadh na bliana 2004 bhí suirbhé curtha i gcrích ag fo-choiste de chuid an Choiste Comhpháirtíochta maidir le leibhéal líofachta Gaeilge i measc comhaltaí foirne na hOifige, i measc na ndaoine a bhíonn ag ionchúiseamh thar ár gceann sa tseirbhís aturnaetha stáit agus i measc na n-abhcóidí ar an bpainéal ionchúiseamh. Déanfar torthaí an tsuirbhé a úsáid chun tacú leis na gealltanais a leagfar amach sa scéim agus a chuirfear faoi bhráid an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta i mí Marta 2005. Is cuspóir tábhachtach don Oifig cabhair a thabhairt dár ngeallchoimeádaithe a ngnó a sheoladh trí Ghaeilge agus táimid ag súil leis an scéim a fhorbairt sa toadhcháil.
- I mí na Nollag 2004 sannadh ról ceannasach do chomhalta d'fhoireann Roinn na nAturnaetha i gcomhordú an chaidrimh le hiobartaigh coireachta chun na seirbhísí atá á gcur ar fáil againn a fheabhsú maidir leis an ghnéith thábhachtach seo dár gcuid oibre.
- Is gné thábhachtach dár gcuid oibre comhoibriú agus caidreamh le daoine aonair agus gníomhaireachtaí eile atá ag plé leis an gcóras ceartas coiriúil agus lean sé seo ar aghaidh i rith na bliana. Cabhraíonn an

chumarsáid agus an chomhairleoireacht rialta eadrainn féin agus na daoine eile go léir a bhíonn ag plé le coireacht a ionchúiseamh seirbhís níos fearr a chur ar fáil do Mhuintir na hÉireann.

Geallchoimeádaí Inmheánach

2.8 Aithnítear sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Caighdeán Seirbhíse 2004 – 2006 gur geallchoimeádaithe inmheánacha an fhoireann go léir agus is gealltanais de chuid na hoifige é timpeallacht oibre atá tacúil a chur ar fáil dóibh. Cuireadh tús le roinnt tionscnaimh i rith na bliana 2004 chun na críche sin.

- I rith na bliana 2004 foilsíodh Straitéis Acmhainní Daonna 2004 - 2006, a dhréachtaigh fo-choiste den Choiste Comhpháirtíochta a raibh comhaltaí foirne as ranna go léir na hOifige páirteach ann. Cuireann an Straitéis cur chuige níos pleanáilte agus níos dírithe chun cinn maidir le bainistiú na hOifige agus riachtanais ghnó na hOifige. Ní foláir dúinn a bheith i gcónaí á chinntiú go mbeidh scileanna, inniúlachtaí agus cumas na foirne sách maith chun tabhairt faoi na tascanna go léir atá le comhlíonadh againn chun go bhféadfaidh an Oifig a bunfheidhmeanna a sheachadadh i dtimpeallacht atá ag athrú i gcónaí agus i réimse oibre atá ag éirí níos toirte agus níos coimpléascaí.
- Cuireadh an chéad chuid den Chóras Bainistithe agus Forbartha Feidhmíochta i gcrích i mí na Nollag 2003 agus i rith na bliana 2004 rinneadh é a fhorbairt sa chaoi is gur cuid thábhachtach den chreat bainistíochta anois é a bhaineann leis an bpróiseas Pleanála Gnó. Cuireann an córas faisnéis ar fáil do bhainisteoirí a theastaíonn chun riachtanais foirne agus tacaíochta a bhfuil gá leo ar fud na heagraíochta a mheas agus díríonn sé freisin ar oiliúint agus ar fhorbairt chomhaltaí aonair den fhoireann chun a chinntiú go mbeidh na scileanna agus na hinniúlachtaí acu chun a ról san eagraíocht a chomhlíonadh. I rith na bliana 2004 d'infheistigh an oifig 3.95% den chostas pá in oiliúint agus forbairt foirne. Ar áireamh sa

chaiteachas seo bhí €76,453 ar sheimineáir, comhdhálacha agus cúrsaí; €14,200 ar oiliúint Theicneolaíochta Faisnéise; agus €24,900 ar an scéim aisíoca táillí.

- Cuireadh Clár Oiliúna Cúram Foirne ar bun i rith na bliana a raibh dhá mhodúl ann ar céannaíodh maidir leo go mbeadh oiliúint shonrach chun tairbhe gach comhalta den fhoireann: 'I gCoinne Bulaíochta & Ciapadh' agus 'Bainistiú Strus'. Ghlac an Oifig Beartas i gCoinne Bulaíochta agus Ciapadh i mí na Samhna 2003 agus tríd an gClár Cúram Foirne tairgeadh seisiúin meabhraíochta don fhoireann go léir chun ábhar an bheartais a chur in aithne dóibh agus le saincheisteanna maidir le bulaíocht agus ciapadh i gcoitinne. Rinne fo-choiste den Choiste Comhpháirtíochta suirbhé maidir le Bainistiú Strus i rith na bliana agus mar thoradh ar seo rinneadh cinneadh oiliúint maidir le Bainistiú Strus a thairgeadh do chomhaltaí go léir na foirne, a bhí dírithe go háirithe ar strus ionchasach a bhaineann leis an gcineál oibre a bhíonn ar siúl san Oifig. Eagraíodh Clár Tástála Sláinte freisin tríd an gCoiste Comhpháirtíochta i mí na Nollag 2004 agus bhain 80% de chomhaltaí na foirne leas as.
- Acmhainn fíor thairbhiúil ab ea an próiseas Comhpháirtíochta arís don Oifig seo agus chuir sé deiseanna ar fáil chun dul i mbun comhairliúcháin agus díospóireachta idir na ceardchumann agus ionadaithe bainistíochta a bhí iontach tairbhiúil chun dul i ngleic le roinnt saincheisteanna san eagraíocht i rith na bliana. Chomh maith leis na saincheisteanna atá luaite cheana féin sa chaibidil seo, chuaigh fo-choistí den Choiste Comhpháirtíochta i ngleic freisin le saincheisteanna ar nós Duais Luaíochta & Scéim le haghaidh Duais Fadseirbhíse a chur i bhfeidhm; Cumarsáid Inmheánach; na féidirtheachtaí a bhaineann le tele-obair; Scéim Ionchurtha Foirne a chur i bhfeidhm; tionscnaimh comhshaoil ar nós bainistíocht dramhaíola agus athchúrsáil a thosú. Déileáladh le roinnt mhaith tionscnaimh agus saincheisteanna mar go raibh deis ag comhaltaí foirne ar gach leibhéal bheith páirteach sa phróiseas comhpháirtíochta.

3 FORBAIRTÍ DLÍTHIÚLA 2004

3.1 Is é cuspóir na caibidle seo ná léargas gairid a thabhairt ar na cinntí is mó tábhacht nó is mó spéise i réimse an dlí coiriúil i rith na bliana 2004.

3.2 Mar a rinneamar sna blianta seo caite, roghnaíodh na cásanna chun na cineálacha saincheisteanna dlí a tháinig chun cinn i réimse an dlí coiriúil a léiriú. Níl sé mar aidhm ag an gcaibidil léargas cuimsitheach a thabhairt ar na forbairtí go léir sa dlí coiriúil i rith na bliana. Tá léargas den sórt sin le fáil i *Binchy and Byrne's Annual Review for 2004*.

Moill

3.3 Ceist a lean de bheith tábhachtach don Ard-Chúirt agus don Chúirt Uachtarach i rith na bliana 2004 ná cibé acu ar chóir nó nár chóir do na cúirteanna stop a chur le cásanna stairiúla a bhain le drochúsáid ghnéasach. Is cásanna iad seo ina dtagann gearánaithe ar aghaidh mar dhaoine fásta chun a líomhaint go ndearnadh drochúsáid ghnéasach orthu mar leanáí. Nuair a dhéantar an gearán bíonn, deich, fiche nó níos mó de bhlianta caite ón uair a líomhnaítear gur tharla an drochúsáid ghnéasach. Tá sé de nós ag an cúirteanna díriú ar thrí cinn de shaincheisteanna. Ar dtús, aon mhíniú atá ar aon mhoill ó thaobh an ghearánaí de chun theacht ar aghaidh chun gearán a dhéanamh chuig an Garda Síochána. Sa dara áit, aon dochar a bheidh déanta don chúisí mar thoradh ar mhoill den sórt sin. Sa tríú áit, aon mhoill ar an gcás a imcrúdú nó a ionchúiseamh tar éis don ghearán a bheith déanta.

3.4 Bhí na saincheisteanna faoi chaibidil ag an gCúirt Uachtarach in *P.L. v. Director of Public Prosecutions* (unreported, 20 December 2004). Dúradh gur tharla an drochúsáid ghnéasach a líomhnaíodh taobh thiar de dheasc an mhúinteora i seomra ranga ina raibh daltaí eile i láthair. Ba ghné lárnach sa chás fianaise maidir leis an gcineál deasc a bhí ann agus cibé acu an bhféadfadh nó nach bhféadfadh sé aon drochúsáid ghnéasach a bhí ag tarlú taobh thiar de a dholéiriú. Ní raibh an deasc ar fáil níos mó. Rialaigh an chúirt go raibh priacal ann a bhí fíor agus substaintiúil go mbeadh triail mhíchóir ann mar gheall ar an deasc gan a bheith ar fáil agus an ganntanas fianaise thánaisteach maidir le struchtúr an deasca, mar gheall ar an am a bhí caite. Dá bhrí sin rialaigh an chúirt nach bhféadfadh an triail dul ar aghaidh. Tar éis comhaontú a bheith ann maidir leis an saincheist lárnach seo, bhí difríochtaí i mbreithiúnais eile ón gCúirt Uachtarach maidir le saincheisteanna eile, ar nós cibé acu an bhféadfadh nó nach bhféadfadh moill thaispeántach de chuid an ghearánaí a bheith chomh fada agus a chruthódh fíor-phriacal go mbeadh an triail mí-chóir agus a d'fhírinneodh cosc a chur leis an triail, i gcás nach mbeadh dochar taispeántach ann. Soléiríonn na trí bhreithiúnais roinnt saincheisteanna suimiúla ar dóigh go mbeidh an Chúirt Uachtarach ag díriú orthu arís i gcásanna eile.

Barántais Cuardaigh

3.5 In *Dylan Creaven v. Criminal Assets Bureau* (unreported, 29 October 2004) chinn an Chúirt Uachtarach go raibh sé de dhualgas

ar bhreitheamh den Chúirt Dúiche a bheith i láthair ina dhúiche nó ina dúiche féin chun dlínse a bheith aige nó aici chun barántas a eisiúint. Sa chás áirithe bhí an breitheamh den Chúirt Dúiche ceaptha go sealadach do roinnt dúichí Cúirte Dúiche éagsúla lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus bhí roinnt barántais cuardaigh eisithe aige nó aici i ndáil le gach ceann de na dúichí. Le linn an phróisis bhí an breitheamh i láthair go fisiciúil i nDúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath. Chinn an Chúirt Uachtarach gur thug an reachtaíocht a rialaíonn an Chúirt Dúiche éifeacht do bheartas leanúnach chun cumhachtaí bhreithiúna den Chúirt Dúiche a fheidhmiú de réir na ndúichí a sanntar dóibh iad. Mar sin féin, rialaigh an Chúirt Uachtarach nach raibh aon bhac ar bhreitheamh den Chúirt Dúiche a bheith sannta do níos mó ná dúiche amháin ag an am céanna.

- 3.6 De bhrí nach bhfuil cónaí ar roinnt breithiúna den Chúirt Dúiche lasmuigh de Bhaile Átha Cliath ina ndúichí féin beidh impleachtaí oibríochta praiticiúla ag an rialú don Gharda Síochána agus iad ag lorg barántais ag tráthannna nach mbeidh an Chúirt Dúiche ag suí.

Réamhscrúdú

- 3.7 Aistríodh an fheidhm chun réamhscrúdú a sheoladh maidir le cás an ionchúisimh roimh thriail ar díotáil ón gCúirt Dúiche chuig an gcúirt trialach leis an Acht um Cheartas Coiriúil, 1999. In *Eamon Cruise v. Judge Frank O'Donnell and Director of Public Prosecutions* (unreported, 8 December 2004) bhí air an Ard-Chúirt breith a thabhairt maidir le feidhm chúirt trialach chun réamhscrúdú a sheoladh faoin bhforáil nua agus cinneadh a dhéanamh cibé acu an raibh nó nach raibh aon athrú ar an bhfeidhm a bhíodh á díscailleadh ag an gCúirt Dúiche roimhe sin. Rialaigh an chúirt nach raibh aon athrú bunúsach tagtha ar an bhfeidhm agus gur mar chuid den phróiseas trialach a bheidh ceisteanna maidir le hinghlacthacht i bhfianaise le breith.

- 3.8 Bhí rialuithe i gceart ag breitheamh na Cúirte Cuarda nach bhféadfaí an cheist maidir le bailíocht an bharántais chuardaigh agus inghlacthacht fianaise a fuarthas ar scór an bharántais a bhreithniú mar chuid den

réamhscrúdú. Dúirt an Ard-Chúirt gurb é cuspóir an phróisis réamhscrúdaithe ná ligean don chúis iarratas a dhéanamh an cás a dhíbhe i gcás ina raibh fianaise an ionchúisimh chomh lag sin nach raibh cúis dhóchúil ann chun a chreidiúint go raibh an cúis ciontach.

Fianaise

- 3.9 Bhreithnigh an Chúirt Achomhairc Choiriúil dualgas an ionchúiseora glaoch ar fhinnéithe in *Director of Public Prosecutions v. Raymond Casey and Anthony Casey* (unreported, 14 December 2004). Sa chás sin i dtrial i leith dúnmarú chinn an t-ionchúiseamh gan glaoch ar fhinné a raibh ráiteas leis nó léi ar áireamh sa leabhar fianaise mar nár mheas sé go raibh an finné muiníneach. Ba chol ceathar an finné le duine de na cúisithe a thug ráitis a bhí ag teacht salach ar a chéile, agus a d'éiligh gur de thoradh ar bhagairt a rinneadh ceann de na ráitis. Lean an chúirt cinneadh a bhí déanta roimhe sin ag an gCúirt Uachtarach ó Paul O'Regan agus rialaigh sí nach raibh sé d'oibleagáid ar an ionchúiseamh finné iomchuí a ghlaoh i gcás inar cheap said go raibh an finné sin neamhmuiníneach. De réir fíorais an cháis bhí an t-ionchúiseamh i dteideal theacht ar an dtuairim nach raibh aon ní ann a thugadh le fios go raibh aon chlaonchúis ag an ionchúiseamh gan an fhinné a ghlaoh.

Teorainneacha Ama

- 3.10 Sé mhí ó dháta an chionta líomhnaithe an gnáth theorainn ama chun tús a chur le hionchúisimh achoimre. Go ginearálta níl aon teorainn ama ina gcaithfear tús a chur le cás atá á ionchúiseamh ar díotáil. Mar sin féin, ionchúisítear go leor cionta indíotáilte sa Chúirt Dúiche gach bliain. Éiríonn ceist maidir le cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na cásanna seo faoi réir an teorainn ama sé mhí. Tá sé soiléir in Alt 7 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1951 nach bhfuil feidhm ag an teorainn ama maidir le 'cion indíotáilte'. Tá sceideal de na cionta indíotailte a bhféadfadh iad a thriail sa Chúirt Dúiche in Acht 1951. Glacadh leis i gcónaí go raibh feidhm ag alt 7 le haon chionta den sort sin. Ach an bhfuil feidhm ag an alt freisin maidir le cionta nach bhfuil ar áireamh sa sceideal?

3.11 Tá an nós ann gan cionta indíotáilte a chruthaítear a áireamh i sceideal Acht 1951 ach an modh chun iad a thriail a leagan amach sa reachtaíocht nua sa Chúirt Dúiche ar mhodh fhorálacha cosúil leosan atá san Acht. Sampla de seo an tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001. Má dhéileálar le cion indíotáilte faoin Acht seo go hachomair sa Chúirt Dúiche, an bhfuil feidhm ag an teorainn ama sé mhí nó an gcuirtear cosaint ar fáil le halt 7 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1951? In *Director of Public Prosecutions v. Timmons* (unreported, 21 December 2004) rialaigh an Ard-Chúirt nach raibh feidhm ag an teorainn ama sé mhí maidir le cion den sórt sin.

Fianaise Nua ar Achomharc

3.12 D'éirigh an cheist maidir le cibé acu an bhféadfaí nó nach bhféadfaí fianaise nua nach raibh breithnithe cheanna féin ag cúirt na trialach a bhreithniú ar achomharc ag an gCúirt Achomhairc Choiriúil i gcás *Director of Public Prosecutions v. George Redmond* (unreported, 6 July 2004). Bhain an fhianaise nua le taifid baine. Chinn an chúirt nach cás a bhí anseo inar mhainnigh an t-ionchúiseamh faisnéis a bhí ina sheilbh a nochtadh. Mheas an dá thaobh ag tús an triail nach raibh aon taifid baine ann mar gheall ar an am a bhí caite. Níor tháinig sé chun solais go raibh an fhianaise ann go dtí go ndearna finné sa triail tagairt di. Sna himthosca sin ní fhéadfaí milleán a chur ar an abhcóide cosanta gan finné a cheistiú nó iarracht a dhéanamh díscaoileadh an ghiúiré a lorg. D'fhéadfaí dá réir sin an fhianaise nua a thabhairt isteach ag an triail.

Féin Chosaint

3.13 In *Director of Public Prosecutions v. Richard O'Carroll* (unreported, 6 July 2004) bhí cosaint fhéinchosanta curtha ar aghaidh chuig an ngiúiré ag an mbreitheamh trialach ar bhonn lochtach a bhí chun tairbhe na cosanta. Bhí sé ráite ag an mbreitheamh dá mba rud é gur cheap an giúiré go raibh an méid fórsa a úsáideadh ag teastáil ón gcúisí gur chóir di an cúisí a fháil neamhchiontach. Ba cheart

é a bheith ráite ag an mbreitheamh dá mba rud é go raibh méid fórsa úsáidte ag an gcúisí ar mheas sé nó sí féin gá a bheith leis ach a bhí iomarcach le réasún go bhféadfaí fíoras dúnorgain a thabhairt. Mar a tharla sé chiontaigh an giúiré an cúisí i ndúnmharú.

3.14 D'ardaigh an t-abhcóide ionchúiseamh an tsaincheist seo leis an mbreitheamh trialach ag an am. Ní dhearna an t-abhcóide cosanta amhlaidh. Dúirt an Chúirt Achomhairc Choiriúil go raibh dualgas an abhcóide ionchúisimh agus an abhcóide cosanta éagsúil. Is freagracht de chuid an abhcóide ionchúisimh é comhairle a chur ar an mbreitheamh maidir le cóireacht treorach chuig an ngiúiré. Níl an chosúlacht ann go bhfuil dualgas dá samhail ar an abhcóide cosanta i gcás ina bhféadfadh sé gan a bheith chun tairbhe an chúisí.

3.15 Nótáil an chúirt go raibh an mhíthreoir don ghiúiré curtha in iúl ag an abhcóide ionchúisimh do bhreitheamh na trialach, ceann a bhí tairbhíúil don chosaint. Ghníomhaigh an abhcóide cosanta i gceart gan foréilimh bailí an ionchúisimh a stialladh nó amhras a chaith orthu. Chinn an chúirt gur fhág míthreoir an bhreithimh an giúiré le léargas mícheart ar an ról fhéinchosanta, ceann a bhí chun tairbhe na cosanta. Ba cheart treoir a bheith tugtha don ghiúiré gur dónorgain an fíoras cuí seachas éigiontú. Cuireadh an ciontú ar neamhní agus ordaíodh go mbeadh triail eile ann.

Saighdeadh

3.16 Is cosaint é saighdeadh a fhéadfaidh a fhágáil go laghdófar cúiseamh dúnmharaithe go dúnorgain. Is ábhar é do bhreitheamh na trialach a chinneadh cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil bonn cuí ann an chosaint a chur ag an ngiúiré. Féadfar, tráthanna áirithe, cúis dúnmharú a chosaint ar bhonn dhá chosaint, féinchosaint agus saighdeadh

3.17 In *Director of Public Prosecutions v. John James Kelly* (unreported, 6 February 2004) ciontaíodh an cúisí i ndúnmharú agus rinneadh achomharc chun na Cúirte Achomhairc Choiriúil. Dhiúltaigh an breitheamh trialach cosaint saighdeadh a chur ag an ngiúiré. Ba é

príomh bhonn cosanta an chúisí i rith a thriail
go raibh an té a maraíodh ag iompar scian mór
contúirteach agus gurb shin an chúis gur thug
an chúisí an scian cistine chuig an teagmháil.
Dúirt sé freisin gur cheap sé go ndearna an té
a maraíodh iarracht le linn na troda greim a
fháil ar an scian. D'éiligh sé freisin go raibh sé
ar intinn aige an duine a sháigh sa choróg. Mar
a tharla sé, sháigh sé an duine cheithre uaire
faoin géag.

- 3.18** Ghlac an Chúirt Achomhairc Choiriúil nach
raibh ach tairseach fíor íseal le sárú ag cúisí
chun cosaint saighdeadh a árdú. Sa chás
seo bhí bonn leordhóthanach ann chun an
chosaint a árdú agus dá réir sin gur chóir an
chosaint a bheith curtha chun an ghiúiré ag an
mbreitheamh trialach. Athraíodh an ciontú agus
ordaíodh trial nua.

4 IONCHÚISIMH FAOI ALT 49(4)

(Tástáil Anála Fianaiseach a Úsáid)

- 4.1 San Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994, a tháinig in éifeacht ar an 2 Nollaig 1994 atá an reachtaíocht a rialaíonn ionchúiseamh maidir le tiomáint faoi thionchar an óil.
- 4.2 Roimh Acht 1994, b'anailís ar fhuil nó ar fhual an mhodheolaíocht eolaíochta a bhí in úsáid chun a fháil amach an raibh tiománaí os cionn an líomataíste. Faoi Acht 1994 tháinig tástáil anála fianaiseach chun bheith ina bhealach eile trína bhféadfaí tiománaí a ionchúiseamh i leith an chiona ar a dtugtar "tiomáint faoi thionchar an óil". Is é atá i gceist le tástáil anála fianaiseach ná an tiúchan alcóil in anáil easanálaithe a chinneadh. Ó tháinig Acht 1994 in éifeacht, féadfaidh Garda a iarraidh ar dhuine a ghabhfar mar gheall ar thiomáint faoi thionchar an óil eiseamal dá chuid nó dá cuid fola (nó dá rogha féin eiseamal dá chuid fuail nó dá cuid fuail) agus / nó eiseamal anála a sholáthar.
- 4.3 An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre an comhlacht reachtúil faoin reachtaíocht atá freagrach as an reachtaíocht chun gléasanna le haghaidh tástála anála fianaiseach a cheadú, a sholáthar agus a thástáil sa dlínse seo agus is maoin de chuid an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre iad i gcónaí cé go ndéantar iad a chothabháil ag Stáisiún de chuid an Gharda. Faoi láthair, tá meaisíní tástála anála fianaiseach á n-oibriú i ranna go léir an Gharda cé nach bhfuil said sna Stáisiúin de chuid an Gharda go léir.
- 4.4 Tá dhá chineál gléas ceadaithe ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre lena n-úsáid sa dlínse seo:
- An Intoximeter EC/IR
 - An Lion Intoxilyser 6000IR
- 4.5 Is meaisíní tástála fianaiseach anála an dá cheann a chinnfidh an tiúchan alcóil in anáil easanálaithe. Cinntear an tréimhse dícháilíochta sainordaitheach de réir an leibhéil sa léamh mar a leanas;
- 35 - 43 ug/100ml – tréimhse dícháilíochta 3 mhí
 - 44 - 65 ug/100ml – tréimhse dícháilíochta 1 bhliain amháin
 - 66+ ug/100ml – – tréimhse dícháilíochta 2 bhliana
- 4.6 Nuair a bhíonn eiseamal fola nó fuail tugtha, roinntear ina dhá chuid é agus tugtar deis don duine a ghabháltar ceann de na samplaí a choinneáil. Níl aon deis ann eiseamal anála a choinneáil. D'eascairigh agóid bhunreachtúil i gcoinne an nós imeachta as seo féin i gcás *Ashley McGonnell, Oliver Quinlan and John Purcell v. Attorney General and Director of Public Prosecutions* (sonraí thíos).
- 4.7 Mar a tharla nuair a tugadh anailís ar fhuil agus ar fhual isteach sna 1960aidí lean grinnscrúdú bhreithiúnach tabhairt isteach tástála fhianaiseach anála ón tús. Seo mar a leanas achoimre ar na saincheistanna a bhí ina n-ábhar do bhreithiúnais ón Ard-Chúirt nó ón gCúirt Uachtarach

Agóidí i gcoinne Torthaí ó Thástáil Fhianaiseach Anála a Ríomh go hEolaíoch

- 4.8 Chun an leibhéal alcóil a chinneadh bíonn sé de cheangal ar an duine a ghabhfar dhá eiseamal anála a thabhairt laistigh de thimthriall trí nóiméad. Baintear 17.5% ón dtoradh is lú den dá cheann agus úsáidtear an figiúr seo chun críocha ionchúisimh. (Ní dhéantar an bhaint uathoibríoch seo sa Ríocht Aontaithe).
- 4.9 Bhí an mhodheolaíocht seo ina ábhar do chás a cuireadh os comhair na hArd-Chúirte in *Director of Public Prosecutions v. David Syron* 2IR (2001) leathanach 105 inar dúradh gur chur ganntanas rialachán maidir leis an tiúchán alcóil in anáil an chúisí a ríomh deireadh leis an t-ionchúiseamh. Dúirt an Ard-Chúirt (O’Higgins J.), gur fianaise prima facie deimhniú faoi alt 17 a thaispeánann cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil duine os cionn an líomataíste go dtí go gcruthaítear a mhalairt.
- 4.10 Lean cás sonraí eile cás *Syron, Director of Public Prosecutions v. Sheila Curry*, a éistíodh os comhair Carney J. ar an 14/03/02. Bunaíodh sa chás go raibh an laghdú 17.5% ceadaithe go dleathach, agus nótaíl an Breitheamh Carney “Is é toradh an ríomha a dhéanann an tIoncossáiméadar ná go solathraítear lamháil earráide a théann chun sochair an chúisí”.

Toimhdean maidir le Ceadú an Intoxilyser ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre

- 4.11 I gcás *Director of Public Prosecutions v. Adrian Daly* san Ard-Chúirt, 10/12/01 bunaíodh go bhfuil toimhdean ann gur deis an Intoximeter atá ceadaithe ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre.

An Tréimhse Faire Fiche Nóiméad

- 4.12 Ar bhonn na dtreoirilínte a eisíodh chuig an nGarda Síochána ón Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre, déantar faire ar dhaoine a ghabhtar ar feadh fiche nóiméad de ghnáth roimh a thugtar an tástáil dóibh chun “nialas le béal” a chinntiú.

- 4.13 I gcás *Director of Public Prosecutions v.*

Michael Finn, 19/02/03, chinn an Chúirt Uachtarach go raibh sé de dhualgas ar an ionchúiseamh a léiriú de réir dlí gur chóir nós imeachta a úsáid lena mbaineann tréimhse íosta coinneála forordaithe den sórt sin agus faireachán chun críche dlí-eolaíochta. Ní foláir go mbeadh cúiseanna oibiachtúla ann chun a léiriú gur chóir tréimhse choinneála den sórt sin a bheith ann.

- 4.14 I rith an cháis sin dúradh dá mba rud é go bhféadfaí a léiriú an nós imeachta trína gcaithfear faire fiche nóiméad a dhéanamh ar dhuine gabhálta a bheith cóir, nach foláir go léireodh finné inniúil a bheadh in ann fianaise chuí a thabhairt é a bheith cóir. Bhí tuairimíocht ann ina dhiaidh sin maidir le cén chaoi ina bhféadfaí fianaise chuí den sórt sin a bhunú nó cé a d’fhéadfadh fianaise chuí den sórt sin a thabhairt. Lean cás eile as seo a sonraíodh díreach chun na Cúirte Uachtaraigh chun an saincheist a shoiléiriú – *Director of Public Prosecutions v. Damien McNeice*, 14/07/03. Sa chás seo cinneadh gur ní ar a mbeidh breith le tabhairt ag an mbreitheamh a bheidh ag éisteacht an cháis leordhóthanacht na fianaise chun a bhunú go raibh sé dleathach an cúisí a choinneáil don tréimhse faire fiche nóiméad ach nótaladh gur léiríodh go hoibiachtúil i bhfianaise an Gharda a ghlac an t-eiseamal anála, a bhí oile maidir le húsáid an Intoxilyser, ar ghlac an chúirt leis, go raibh gá réasúnach leis an tréimhse faire fiche nóiméad chun eiseamal anála a bheadh éifeachtach agus muiníneach a ghlacadh.

Ábhar a Nochtadh don Chosaint

- 4.15 Seo réimse a bhfuil neart díospóireachta ar siúl maidir leis sa Chúirt Dúiche. Tá roinnt doiciméid aicmeacha a chuirtear ar fáil don chosaint ar iarratas de ghnáth. Baineann siad le taifid seirbhíse agus cothabhála. Bíonn na doiciméid seo ar fáil tríd an gCeannfort áitiúil de chuid an Gharda Síochána.
- 4.16 Cheadaigh an Ard-Chúirt tabhairt na ndoiciméad seo san agóid bhunreachtúil: *Ashley McGonnell, Oliver Quinlan and John Purcell v. Attorney General and Director of Public Prosecutions*, 16 September 2004 (sonraí thíos).

4.17 Mar sin féin, is minic a dhéanann an chosaint iarratais ar nochtadh níos cuimsí, as a dtagann éisteachtaí chun cinneadh a dhéanamh maidir le cé chomh hiomchuí atá an t-ábhar a bhíonn á lorg sa Chúirt Dúiche.

4.18 I gcás *McGonnell* níor bhreithnigh an Ard-Chúirt paraiméadair iniúchta den sórt sin agus ní dhearnadh na leibhéil éagsúla ionchasacha d'iniúchadh a phlé. Seo mar a leanas na cineálacha éagsúla iniúchta:

- (a) Iniúchadh seachtrach ar an ionstraim agus an Garda iomchuí i láthair.
- (b) Iniúchadh ar an ionstraim ina léireofar an ionstraim in úsáid go huathoibríoch nó á úsáid ag maoirseoir de chuid an Gharda i stáisiún an Gharda.
- (c) Sainchomhairleoir a bheidh ainmnithe ag an gcosaint chun an ionstraim a iniúchadh (go seachtrach) agus tástáil áirithe a dhéanfaidh eolaí dlí-eolaíochta ón Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre agus an sainchomhairleoir don chosaint i láthair.
- (d) Sainchomhairleoir a bheidh ainmnithe ag an gcosaint chun an ionstraim a iniúchadh a ndéanfaidh an sainchomhairleoir, le linn an iniúchta, rud a chur san ionstraim a fhágfaidh go mbeidh gá leis an ionstraim a oscailt nó páirteanna inseirbhíse na hionstraime a scrúdú.

4.19 Ní foláir go ndéanfar ionracas na hionstraime a chinntiú i gcónaí le go mbeidh aon deacrachtaí a thiocfaidh as aon iniúchadh inmheánach ar an ionstraim soiléir.

Agóid Bhunreachtúil

4.20 Sa chás *Ashley McGonnell, Oliver Quinlan and John Purcell v. Attorney General and Director of Public Prosecutions* rinneadh agóid in aghaidh an chórais tástála fhianaiseach anála ar bhonn gur triail trí dheimhniú a bhí ann. D'éiligh na gearánaithe nach raibh deis á thabhairt do na gearánaithe dúshlán an mhodh ina dtagtar ar an tiúchan alcóil a airbheartaítear a bheith ann a thabhairt mar nach raibh aon eiseamal ann a d'fhéadfaí a thabhairt don chosantóir chun anailísiú neamhspleách

a dhéanamh air agus go raibh fianaise fiorthábhachtach á tabhairt trí dheimhniú.

4.21 I mbreithiúnas fada a thug sé ar an 14 Meán Fómhair 2004, bhreithnigh McKechnie J. roinnt gnéithe lena n-áirítear an reachtaíocht, an gléasra, an modheolaíocht, cad a dhéantar i ndlínsí eile agus na gnéithe bunreachtúla is infheidhme sa dlínse seo.

4.22 D'éist sé le roinnt sainchomhairleoirí éagsúla thar cheann na ngearánaithe agus na gcosantóirí. Chinn sé nár chuir an córas ina iomlán isteach ar aon chearta bunreachtúla dlíthiúla de chuid na ngearánaithe. Chéannaigh sé gur thug siad seo a leanas cosaint réasúnach do chearta na ngearánaithe:

- (a) An ceanglas bunreachtúil faoi Alt 17(1) d'Acht 1994 chun an léamh is ísle den dá eiseamal anála a ghlacadh.
- (b) An 17.5% a bhaintear as an léamh seo.
- (c) An cleachtas fanacht fiche nóiméad roimh an timthriall a thosú.
- (d) Na huirlisí féin-fáthmheasta sa dá mheaisín trína n-áirítear na leibhéil gabhála eile a ndéanadh iad a phlé roimhe seo chomh maith leis an dá sheiceáil insamhalta i chuile thimthriall.

Is ábhar d'achomharc an cás seo faoi láthair.

5 SÓCMHAINNÍ COIRIÚLA A CHOIGISTIÚ

5.1 Aithnítear go forleathan anois obair an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla. Oibríonn an Biúró córas forghéillte sibhialta agus féadfaidh a chumhachtaí a bheith an-éifeachtach mar gur féidir sócmhainní a urghabháil i gcás inar deimhin le cúirt go bhfuil dualgas cruthúnais sibhialta ann (go gcruthófar gur dóichí é), go bhfreagraíonn siad d'fháltais ó choireacht, cé nach mbeidh an duine óna mbeidh na sócmhainní á n-urghabháil ciontaithe. Mar gheall ar an bpróifíl atá ag an mBiúró is dóigh go bhfuil aird bainte den chóras urghabhála coiriúil atá ann freisin trína bhféadfar sócmhainní a urghabháil ó dhaoine a bheidh ciontaithe i gcoireacht, agus tá Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí freagrach as na horduithe is gá a lorg.

5.2 Tá sé léirithe gur uirlis éifeachtach chun cosc a chur le déanamh tuilleadh cionta coiriúla ag coirpigh ciontaithe é a gcuid sócmhainní cruinnithe, brabúis agus uirlisí coiriúla a bhaint díofa. Is ar an gcúis seo a chéannaigh an Oifig, ina Tuarascáil Bhliantúil de 2002, gur thoil an dá leigheas dlíthiúil seo, **Urghabháil Choiriúil** agus **Forghéilleadh Ionstraimeachtaí** aird speisialta.

Urghabháil Choiriúil

5.3 Tugtar an chumhacht le Cuid II den Acht um Cheartas Coiriúil, 1994 (arna leasú) do chúirt na trialach, tar éis ciontú agus pianbhreith, chun an sochar a fhabhróidh chuig an duine ciontaithe ón gcion sin a mheas agus ordú

coigistíochta a dhéanamh dá éis sin. Tagann an méid a shocraíonn an chúirt chun bheith ina fhiach atá iníoctha leis an Stát. Déantar foráil freisin, faoi Chuid III, chun ordú srianach (calcadh) a dheonú chun a chinntiú nach ndéanfar na sócmhainní a scaipeadh agus chun leachtaitheoir a cheapadh nó téarma príosúnachta comhleanúnach a fhorchur i gcás nach ndéanfar íocaíocht. Ó 1999 i leith tá na forálacha a bhaineann le cionta i leith gáinneáil ar dhrugaí níos tromhaí, le mandáid ag cúirt na trialach fiosrúcháin a dhéanamh i chuile cás, agus measúnú a dhéanamh ní amháin maidir leis an gcion áirithe ach na fáлтаis go léir ó gháinneáil ar dhrugaí ó na sé bliana roimhe sin. Is ar dhaoine ciontaithe agus an brabús a shaothraíonn siad ó ghníomhaíochtaí coiriúla seachas maoin shonrach atá an reachtaíocht dírithe. Is ar an dóichí go ndearnadh an cion a bhraitheann an cruthúnas fianaiseach i nithe coiriúla seachas mar a bhíonn de ghnáth, sé sin le rá, thar amhras réasúnach.

Forghéilleadh Ionstraimeachtaí

5.4 Go dtí seo, tá beagnach trí ceathrú milliún euro (€735,925.72) bailithe agus íoctha leis an Roinn Airgeadais as ocht gcás faoi leith. Tá thart ar €320,000.00 breise faighte agus seolta chuig foinsí eile lena n-áirítear íosptraigh, agus tá thart ar €400,000.00 gan íoc agus seans reasúnta ann go bhféadfaí é a bhailiú laistigh nó lasmuigh den dlínse seo. Tá iarratais déanta chuig údaráis san Ostair, Ríocht Aontaithe agus Tuaisceart Éireann chun orduithe a eisiúint agus

orduithe a fhreagraíonn d'orduithe srianta agus orduithe coigistithe araon a rinneadh sa dlínse seo. Bhí thart ar €600,000.00 caltha ar dtús ag na húdaráis san Ostair ar iarraidh ón Oifig, agus d'fhorghéill na húdaráis sin an t-airgead ar deireadh. Ina theannta sin tá méideanna níos mó ná GBP£150,000.00 á n-aimsiú sa Ríocht Aontaithe agus i dTuaisceart Éireann le glacadóir ceaptha anois laistigh den iar-dhlínse. Tá roinnt iarratas ar bun nó ar tí a dhéanamh agus tá haon déag n-ordú srianta i bhfeidhm faoi láthair.

- 5.5 Cé go bhfuil sé cruthaithe go bhfuil an leigheas seo éifeachtach, níl sé úsáidte ach i líon beag cásanna a raibh ard-phróifíl acu. Mar sin féin, ceanglaítear ar bhreitheamh na trialach i chuile chás a bhaineann le cionta gáinneala ar dhrugaí leis na forálacha reachtúla a fhiosrú cibé acu ar chóir nó nár chóir ordú coigistithe a dhéanamh. Arnó, is minic gur daoine iad siúd a chiontaítear i gcionta i Leith gáinneáil ar dhrugaí a bhíonn ar leibhéal cuíosach íseal san eagraíocht choiriúil agus dá bhrí sin ní fiú ordú den sórt sin a dhéanamh ina leith. Tá an chúirt i dteideal, tar éis réamhscrúdú a bheith déanta, gan ordú a dhéanamh agus ní fhéadfaidh sí ordú a dhéanamh i gcás nach bhfuil ciste leordhóthanach ann lena ghlanadh. Ní foláir, áfach, go ndéanfar an cheist a chur i ngach cás.

Straitéis

- 5.6 Tá straitéis chuimsitheach glactha ag an Oifig chun sócmhainní ó choireacht den sórt sin a leanúint, a bhfuil mar phríomh-chuspóir aige:

- i) iadsan a mbaineann an tAcht leo a chur ar an eolas maidir leis (laistigh agus lasmuigh den Oifig);
- ii) na saoráidí a sholáthar don fhorbairt oideachasúil agus inniúlachta is gá;
- iii) agus ar deireadh, an creat eagraíochta is gá a chruthú.

- 5.7 Dá bhrí sin tá an Oifig tar éis bualadh leis na geallchoimeádaithe iomchuí go léir as ar tháinig na tionscnaimh seo a leanas:

- In éineacht leis an nGarda Síochána, bunaíodh clár oiliúna cuimsitheach, atá dírithe ar na ceannfoirt agus na príomh-cheannfoirt go

léir ag an leibhéal sinsir agus ag leibhéal níos ísle ar oiliúint oifigigh idirchaidrimh a bheidh sannta do gach limistéar réigiúnach agus an fhreagracht orthu fiosrúcháin maidir le “brabús” a chur chun cinn, a fhorbairt agus a fhiosrú le linn imscrúdaithe choiriúla thromchúiseacha.

- Tugadh aird shonrach ar an ábhar seo ag Seimineár Bhliantúil na nAturnaetha Stáit i mí Eanáir 2004 ag a raibh cur i láthair do na hAturnaetha stáit go léir agus ina dhiaidh sin, faireachán leanúnach ar úsáid an leighis agus é á fhorbairt.
- Cumarsáid leanúnach ar bun leis an mBreithiúnacht a chinntíonn gur eol dóibh na freagrachtaí faoi na forálacha reachtúla.
- Teagasc, cumarsáid agus comhairleoireacht leanúnach, agus mionteagasc ón Stát do na habhcóidí chun a chinntiú go n-oibreodh an leigheas go héifeachtach agus go mbeidh an cur i láthair ar comhréir.

- 5.8 Tá an creat eagraíochta laistigh de Roinn na nAturnaetha san Oifig athraithe chun a chinntiú go mbeidh pearsanra atá oile agus a bhfuil na hinniúlachtaí acu sannta don ualach oibre a bhfuil súil leis, faireachán a dhéanamh chun go mbeidh an cur chuige ar comhréir agus córas iniúchta a thionscnamh chun cistí a aimsiú agus a leanúint.

Forghéilleadh Ionstraimeachtaí

- 5.9 Tá roinnt mhaith forálacha reachtúla ann a ligean do chúirt trialach maoín a fhorghéilleadh a úsáideadh chun cion a dhéanamh nó chun a éascú cion a dhéanamh tar éis ciontú. Cé go mbíonn na forálacha sin dírithe ar mhaoín shonrach a úsáideadh i gcion áirithe, féadfaidh na forálacha sin, mar shampla agus arm tine á fhorghéilleadh faoi alt 13 d'Acht na nArm Tine agus na nArm Ionsaitheach, 1990, nó foilseacháin forordaithe faoi alt 10 den Acht um Scrúdóireacht Fhoillseachán, feidhm ghinearálta a bheith acu de bhun alt 61 den Acht um Cheartas Choiriúil, 1994.

5.10 Sa chuid is mó is chun substaintí toirmisce, airgead tirim, meá-mheaisíní nó gléasra drugaí, tar éis ciontú i leith ciontaí gáinneáil dhrugaí. Mar sin féin, go m'fhéidir gurbh fhiú an fheidhmiú ginearálta a leathnú mar a dhéantar i ndlíní eile, go háirithe Stáit Aontaithe Mheiriceá. Tá an Oifig ag tabhairt faoi thaighde maidir le clár taighde chun bealaigh ina bhféadfaí na nósanna imeachta reachtúla atá ar marthain a úsáid ar shlí a bheadh níos éifeachtaí, ag tagairt go sonrach d'fheithiclí á n-úsáid chun drugaí a gháinneáil nó daoine agus maoin, lena n-áirítear teaghais, á úsáid chun críocha coiriúla.

Conclúid

5.11 Cé go bhfeictear anois go bhfuil Éire ar cheann de na príomh-thíortha ata ag cur beartas chun sócmhainní coiriúla a urghabháil in éifeacht, go háirithe ó bunaíodh an Biúró, bhí an nós ann an hacmhainní a chur i bhfeidhm maidir le líon áirithe de na coirpigh is tromchúisí. Tá sé mar chuspóir ag an Oifig oibriú leighis den sórt sin a leathnú chun a chintíú go ndéanfar scrúdú ar “bhrabús” i chuile ionchúiseamh ar díotáil, agus de réir mar is cuí brabúis a thagann as gníomhaíochtaí coiriúla, agus ionstraimí a úsáidtear chun a léitheid de choireacht a éascú a chéannú agus a choigistiú.

6 GNÉITHE DE GHEARRADH PIANBHREITHEANNA

6.1 Faoi alt 2 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1993 féadfaidh An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Achomhairc Choiriúil chun pianbhreitheanna a athbhreithniú más dóigh leis an Stiúrthóir go bhfuil pianbhreith a bheidh gearrtha ag cúirt (Cúirt Chuarda, Príomh-Chúirt Choiriúil nó Cúirt Choiriúil Speisialta) ar dhuine a chiontú ar díotáil róthrócaireach. Caithfear an t-iarratas a dhéanamh, ar fhógra a bheith tugtha don duine ciontaithe agus/nó aturnae an duine, laistigh de 28 lá ón lá ar gearradh an pianbhreith.

6.2 Ó theacht chun feidhme an Achta i 1993, d'éirigh roinnt saincheisteanna maidir le ról an ionchúiseora ag an éisteach chun pianbhreith a ghearradh.

6.3 Sa Ráiteas maidir le treoirilínte Ginearalta d'Ionchúiseoirí a d'eisigh an Stiúrthóir i Samhain 2001, imlíníodh ról an ionchúiseora sa phróiseas pianbhreith mar a leanas:

- Chun a chinntiú go bhfuil an chúirt ar an eolas maidir leis na roghanna phianbhreith atá ar fáil di.
- Chun aon údarás nó reachtaíocht iomchuí a d'fhéadfadh cabhrú le cinneadh an phianbhreith chuí a tharchur don chúirt.
- Chun cabhrú leis an gcúirt aon bhotún inachomhairc a sheachaint agus aird na cúirte a tharraingt ar aon bhotún nó fíorais dlí, a d'fhéadfadh an chúirt a dhéanamh agus an phianbhreith á cinneadh aici.

Athbhreithniú ar Phianbhreitheanna, Ró-Thrócaireach

6.4 Is ar an Stiúrthóir atá sé cruthúnas a léiriú go bhfuil an phianbhreith ró-thrócaireach, agus ní athrófar an phianbhreith ach amháin i gcás ina mbeidh mór-dhifriocht ann ó phianbhreith a fheictear mar phianbhreith chuí.

6.5 Bhí sé soiléir i gcás *Director of Public Prosecutions v. D(G)* (unreported, 13 July 2004) ina raibh achomharc ón ionchúiseamh ar an bhforas go raibh an phianbhreith ró-thrócaireach. Phléadail an freagróir ciontach i gcúis amháin fear eile a éigniú i gcoinne alt 4 den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean) (Leasú), 1990 agus gearradh téarma trí bliana coinneála air. Nuair a gearradh an téarma, bhí dhá mhí caite ag an gcúisí faoi choinneáil cheana féin agus chuir breitheamh na trialach iomlán a raibh fágtha den téarma ar fionraí; cuireadh aois óg an fhreagróra, gur phléadail sé ciontach agus an brón a bhí air, agus na dea-mheastacháin síceolaíochta air tar éis dó cóiríocht a fháil, san áireamh. Thug na fíorais seo tacaíocht do chonclúid bhreithimh na trialach agus chur siad an cás seo i gcatagóir eisceachtúil de chásanna ina bhfuil pianbhreith neamhphríosúnachta cóir.

6.6 Ní foláir don bhreitheamh trialach béim leordhóthanach a chur ar aon fhíorais maolaitheacha le linn pianbhreith a ghearradh. Sa chás *Director of Public Prosecutions v. O'Meara ex tempore* (10 March 2003) rinneadh achomharc i gcoinne pianbhreith sé mhí príosúnachta i gcás inar phléadail an

t-iarratasóir ciontach i gcion faoi alt 3 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997, agus dúradh nár chur breitheamh na trialach i gcuntas nár ciontaíodh é riamh roimhe sin agus go gcuirfeadh téarma príosúnachta deireadh lena ghairm san arm. Cheadaigh an Chúirt Achomhairc Choiriúil an t-achomharc agus chuir sí pianbhreith sé mhí fionraithe air in ionad téarma sé mhí príosúnachta. Mheas an chúirt go ndearna an breitheamh botún i bprionsabal gan béim leordhóthanach a chuir ar charachtar an iarratasóra ná do céard a tharlódh don iarratasóir dá ngearrfadh an chúirt téarma príosúnachta air.

Comhréireacht le linn Pianbhreith a Ghearradh

- 6.7 Sa chás *Director of Public Prosecutions v. Sean Mackey* (unreported, 24 November 2004) bhí iarratas ar chead ar achomharc a dhéanamh i gcoinne cé chomh dian a bhí an phianbhreith a ghearr an Breitheamh White. Chinn an Chúirt Achomhairc Choiriúil *inter alia* gur leag breitheamh na trialach amach go cóir na prionsabail agus na beartaí a rialaíonn pianbhreith chomhréireach a ghearradh ar na ciontóirí os comhair na cúirte. Mheas an breitheamh na fíorais forthromaíocha agus maolaitheacha go cúramach agus d'éirigh leis cóimheá coir agus ceart a bhaint amach agus é ag gearradh pianbhreith agus nach ndearna sé aon bhotún i bprionsabal.
- 6.8 Sa chás *Director of Public Prosecutions v. Garrett Cooney* (unreported, 27 July 2004) bhí iarratas ar chead ar achomharc a dhéanamh i gcoinne cé chomh dian a bhí an phianbhreith a gearradh i gcás inar cuireadh dúnmarú i leith an iarratasóra ach inar phléadail sé ciontach I ndúnorgain agus inar gearradh cheithre bliana déag príosúnachta air. Dúirt abhcóide an iarratasóra go raibh botún i bprionsabal déanta ag an mbreitheamh mar nár thug sé cúiseanna sách éifeachtach lena bhreithiúnas de bhrí nach raibh sé soiléir gur bhreithnigh sé aon cheann de na nithe maolaitheacha a thug an t-iarratasóir ar aird nó trí phianbhreith nach raibh comhréireach le himthosca an cháis, nádúr an chiona, éifeacht an chiona ar an íobartach agus imthosca an duine ciontaíthe.

- 6.9 Chinn an Chúirt Achomhairc Choiriúil, cé nach bhféadfadh sí a rá go raibh breitheamh faoi oibleagáid cúiseanna a thabhairt maidir le pianbhreith atá á gearradh, gur mhaith an chleachtas a bheadh ann ar mhaithe le muinín an phobail sa chóras ceartas coiriúil a fheabhsú cúiseanna a thabhairt maidir le pianbhreitheanna agus go n-éascaíonn sé seo athbhreithnithe ar phianbhreitheanna sna cúirteanna achomharc.
- 6.10 Mar sin féin, ba é conclúid na cúirte go ndearna an breitheamh botún mar nár breithníodh na fíorais iomchuí bunaithe agus an phianbhreith á gearradh. Chinn an chúirt freisin go rainh an phianbhreith ró-dhian agus ghearr téarma príosúnachta ocht mbliana.

Pianbhreitheanna a Athghníomhú

- 6.11 Achomharc I gcoinne ordú ón mBreitheamh Dunne *Director of Public Prosecutions v. Stewart, ex-tempore* (12 January 2004) i mí na Nollag 2001 lenar athghníomhú pianbhreitheanna fionraithe áirithe, a raibh deich mbliana i gceist iontu le chéile. Bhí said seo gearrtha ag an mBreitheamh O'Connor (a bhásaigh ó shin) agus is léir ó na doiciméid athscríofa go raibh an Breitheamh O'Connor sách trócaireach i leith an iarratasóra.
- 6.12 Dhéileáil an Chúirt Achomhairc Choiriúil ar an gcéad dul síos leis an gceist maidir le cibé acu ba chóir nó nár chóir don Bhreitheamh Dunne na pianbhreitheanna fionraithe a athghníomhú agus an go páirteach seachas go hiomlán ar cheart iad a bheith athghníomhaithe. Ag diúltú don achomharc chinn an chúirt nach raibh botún i bprionsabal déanta ag an mBreitheamh Dunne ina cinneadh na pianbhreitheanna a ghníomhú i gcás ina raibh sarú déanta ar choinníollacha áirithe. Chinn an Chúirt freisin nach raibh dlínse ag an mBreitheamh Dunne cuid den phianbhreith amháin a ghníomhú agus go raibh sí faoi cheangal théarmaí na bpianbhreitheanna faoina ndearnadh na pianbhreitheann bunaidh a chur ar fionraí.
- 6.13 I gcás a bhí cosúil leis an gceann thuas, *Director of Public Prosecutions v. Murray, ex-tempore* (18 March 2003) d'iarr an t-iarratasóir

cead achomharc a dhéanamh i gcoinne pianbhreitheanna ceithre bliana agus trí bliana a gearradh faoi seach maidir le dhá chion bagairt a dhéanamh in aghaidh ailt 5 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997. Rinneadh an dara cion agus an t-iarratasóir ar bhannaí i leith an chéad chiona. Bhí an dá phianbhreith le cur isteach i ndiaidh a chéile ach rinne breitheamh na trialach athbhreithniú agus scaoileadh soar an t-iarratasóir faoi choinníollacha áirithe. Nuair a sáraíodh na coinníollacha tugadh é os comhair bhreitheamh na trialach a d'athghníomhaigh an phianbhreith.

- 6.14 Ag diúltú don achomharc chinn an chúirt nach bhféadfadh an breitheamh cuid den phianbhreith amháin a athghníomhú agus gur tháinig an phianbhreith i bhfeidhm ina hiomlán arís tar éis í a athghníomhú. Cé go m'fhéidir go bhféadfadh an fheidhmeannacht cuid de phianbhreith a lamháil, níl an chead sin ag na cúirteanna.

Staitisticí

- 6.15 Tá staitisticí i ndáil le hiarratais a rinneadh faoi alt 2 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1993 leagtha amach ar leathnach 41 den tuarascáil seo.

7 DÉILEÁIL LE FIANAISE LEANAÍ IN IONCHÚISIMH CHOIRIÚLA

- 7.1 Tionóladh comhdháil dar teideal ‘Páistí i Saol Daoine Fásta - Déileáil le Fianaise Leanaí in Ionchúisimh Choiriúla’ in éineacht le Aonad Naomh Clár (Ospidéal na Leanaí, Sráid Teampaill, Baile Atha Cliath) agus Aonad Naomh Louise (Ospidéal na Leanaí, Croimghlinn) an 5 agus 6 Samhain 2004.

Cúlra

- 7.2 Ó bunaíodh í sa bhliain 2001 tá an chaidreamh idir Roinn Aturnaetha Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, faoi cheannas an Phríomh-Aturnae Ionchúisimh, agus na dochtúirí, síciatraithe, síceolaithe agus oibrithe shóisialaigh a chomhdhéanann an dá aonad lena reachtáladh an comhdháil, méadaithe go mór. Tá iarracht déanta againn freisin le linn na tréimhse sin cumarsáid le grúpaí áirithe a bhíonn ionadaitheach do leasanna fhinnéithe, páirtithe da bhfuil díobháil déanta agus iadsan a oibríonn leo, a fheabhsú. Tuairiscíodh é seo I dTuarascálacha Bliantúla roimhe seo. Rinne an comhdháil forbairt ar ghnéithe áirithe de Chomhdháil Náisiúnta na nIonchúiseoirí 2002 nuair a rinneadh na saincheistean a thagann chun cinn le linn cásanna a bhaineann le droch-úsáid ghnéasach a ionchúiseamh go ginearálta a phlé.
- 7.3 Tá go leor oibre luachmhar déanta leis an dá aonad chun an tseirbhís ata á sholáthar againn a fheabhsú agus an soláthar faisnéise d’íobartaigh agus a muintir a fheabhsú.

Cuspóir

- 7.4 Bhí sé mar chuspóir ag an gcomhdháil tuiscint fhrithpháirteach na ngairmithe maidir leis an disciplín eile faoi seach a fheabhsú, rud atá fíorthábhachtach chun an toradh a bhíonn ann do gach duine atá páirteach a fheabhsú. B’fhéidir go bhféadfaidh muid go léir déileáil ar shlí níos fearr le finnéithe leanaí agus a muintir a mbíonn an-imní orthu agus mí-thuiscint maidir leis an gcóras dlí.
- 7.5 D’fhreastail tuairim is 200 gairmithe sláinte agus dlíodóirí atá ag obair i limistéir éagsúla den tír ar an gcomhdháil. Bualann a bhformhór le híobartaigh leanaí ina gcuid oibre ar bhonn laethúil.

An Clár

- 7.6 D’oscail an Aire Stáit ag an Roinn Sláinte a bhfuil freagracht speisialta aige as leanaí, an tUas, Brian Lenihan, TD, an comhdháil.
- 7.7 Bhí grúpa cainteoirí dearscnaitheach ann a raibh cainteoirí maidir le cúrsaí leighis agus dlí ina measc. B’iad seo an Right Honourable Lord Mackay of Drumadoon, breitheamh den Ard-Chúirt Bhreithiúnach in Albain, agus an Dr. Danya Glaser, Síciatrach Comhairle Leanaí agus Ógánach ó Ospidéal Great Ormond do Leanaí, Londain. Bhí sé chun tairbhe na comhdhála na dearcaí éagsúla a chuir na sainchomhairleoirí seo ar fáil.

7.8 Ar áireamh ar chlár na comhdhála freisin bhí óráidí ó ionchúiseoirí (Gardaí, abhcóidí agus dlíodóirí) agus síciatrithe, síceolaithe agus oibrithe shóisialaigh a bhíonn ag obair le leanaí is íobartaigh. Bhí cur i láthair ann maidir leis an gcur chuige a ghlac Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus í ag déanamh measúnachta ar chásanna a raibh baint acu le leanaí agus cinneadh le déanamh maidir le dul ar aghaidh le hionchúiseamh nó gan déanamh amhlaidh. Bhí plé ann freisin faoi na forálacha dlíthiúla a rialaíonn inghlacthacht fhianaise ó leanaí; na forálacha chun an fhianaise a ghlacadh ar shlí eile, mar shampla, trí nasc teilifíse; agus an dlí mar a bhaineann sé le fianaise sainchomhairleoirí.

7.9 Ó thaobh cúraim sláinte de rinneadh measúnú ar chuimhne leanaí a phléigh chomh maith le spreagacht agus cuntais nach mbíonn ar chomhréir agus fíorais eile a bhaineann le creidiúnacht a chinneadh.

Idirghníomhú

7.10 Bhí an t-idirghníomhú idir an dá ghrúpa gairmithe iontach tairbhiúil agus soiléiríodh roinnt míthuairimí agus bearnaí faisnéise

Conclúidí

7.11 Ba í an chonclúid ba thábhachtaí agus an chúis ba mhó inní a d'eascraigh as an díospóireacht ag an gcomhdháil ná an deacracht atá ann do ghairmithe agus do pháirtithe dá ndéantar díobháil agus iad ag iarraidh ionchúiseamh a thabhairt ar aghaidh a bhíonn ag brath ar fhinné is leanbh laistigh den chóras ceartas coiriúil in Éirinn. Bínn na bacanna dlíthiúla a éiríonn ag céimeanna eagsúla an phróisis, mar aon le cearta an chosantóra atá le daingniú an-tromchúiseach do fhinné is leanbh. Is rudaí ar leithligh iad seo ó na deacrachtaí a thagann le fianaise a thabhairt i gcúirt. Bhí an phlé maidir leis an gcomhthéacs ina ndéanann gairmithe cúraim sláinte measúnú ar fhianaise leanaí an-tairbhiúil do na hionchúiseoirí a bhí i láthair mar gur tháinig sé chun solais go bhfaigheann leanaí cuimhne níos fearr agus níos sonrach ar tharlaithe gach uair a insíonn

siad é. Cuireann sé seo fadhbanna áirithe os comhair na n-ionchúiseoirí agus an Gharda Síochána mar go gcaithfidh siadsan a bheith ag brath ar an gcuntas is luaithe a tugadh ar an gcion a ndéantar gearán ina leith ar chúiseanna dlíthiúla. Aon 'athruithe' a bhraitear i gcuntas linbh, fágann siad deis do chroscheistiú an-dian, nó fiú cás a chailleadh.

Staidéar

7.12 Rinneadh staidéar idir-dhisciplíneach an-úsáideach maidir le cásanna a bhain le droch-úsáid ghnéasach leanaí agus a tugadh ar aird d'Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí sa bhliain 2002. An Dr. Derek Deasy, síceolaí cliniciúil, a sheol an taighde ar scór sonraí a chur Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ar fáil. Labhair Liam Mulholland, Príomh-Aturnae Ionchúiseamh (Ceannasaí Rannóg Thriail Chúirte Cuarda) faoi thorthaí an taighde agus léirigh sé céimeanna éagsúla an phróisis coiriúil ón am a chúisítear an cosantóir. Agus é ag míniú céimeanna éagsúla an phróisis (lena n-áirítear ionchasacht iarratas ar athbhreithnithe bhreithiúnach) dúirt sé go ndéantar iarracht a thaispeáint d'íobartaigh agus a muintir an comhthéacs ina mbíonn moilleanna ar an gcóras le linn cás a phróiseáil. Mhínigh an Príomh-Cheannfort Martin Donnellan, Ceannasaí an Bhiúró Náisiúnta um Imscrúdaithe Coiriúla, na céimeanna a ghlactar roimh a dhéantar comhad a chur faoi bhráid na hOifige le haghaidh cinnidh sna cásanna seo.

7.13 Bailíodh sonraí freisin maidir leis na fíorais a thuairiscítear go minic a mbíonn tionchar acu ar chinneadh chun ionchúiseamh a thabhairt nó gan déanamh amhlaidh. Chomh maith le leordhóthanacht na fianaise, bíonn saincheisteanna eile ann ar nós creidiúnacht an fhinné nó ganntanas comhoibriú a imríonn tionchar ar chinntí gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh. Soiléiríodh nach gcaitheann an Oifig amhras go ginearálta ar fhírinne an ghearáin agus í ag measúnú creidiúnacht an ghearánaí go háirithe, faoi réir aon fhaisnéise ón nGarda Síochána, maidir leis an gcás. Seachas sin. Tá oibleagáid ar an Oifig measúnú cúramach a dhéanamh maidir le cén chaoi a bhfeicfear an fhinné, sé sin mar

fhinné firinneach agus muiníneach i gcoinne croscheistiú dian sa chúirt. Tráthanna, bíonn aos óg an ghearánaí ina fhachtóir tábhachtach maidir leis seo.

An Todhchaí

- 7.14** Tríd is tríd, measadh go raibh an chomhdháil go maith agus go dtiocfaidh forbairt ar an idirchaidreamh sna blianta amach romhainn. Leanfaidh an chaidreamh atá ar marthain le Aonad Naomh Clár agus Aonad Naomh Louise ar aghaidh.
- 7.15** Tionscnamh amháin a tháinig as an gcomhdháil ná an cinneadh ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí chun leabhrán faisnéise a fhoilsiú chun leanaí níos sine agus muintir agus caoimhneoirí gach linbh is gearánaí a chur ar an eolas maidir leis an bpróiseas a mbeidh siad páirteach ann. Beidh sé dírithe freisin ar ghairmithe a bheidh ag déanamh cúraim ar na leanaí seo. Tá leabhráin den sórt seo ann cheana féin do dhaoine fásta. Mar sin féin, tá forálacha dlíthiúla ann atá dírithe ar ghearánaí is leanbh go sonrach nach féidir iad a shonrú i leabhráin do lucht féachana níos leithne. Bailídh tuairimí na ngairmithe a d'fhreastal ar an gcomhdháil trí cheistiúchán agus déanfar comhairleoireacht anois leis na grúpaí éagsúla lena mbaineann sula bhfoilseofar é.

8 COMHDHÁIL EUROJUSTICE

8.1 Bhunaigh ballstáit an Chomhphobail Eorpaigh Comhdháil Bhliantúil Eurojustice i 1998 chun comhoibriú idir gníomhaireachtaí ionchúisimh ar fud na hEorpa a chothú agus a fheabhsú agus chun tuiscint frithpháirteach ar na córais éagsúla dlí atá ar marthain sna ballstáit a fheabhsú.

8.2 Cuireann an chomhdháil fóram ar fáil do cheannasaithe sheirbhísí ionchúisimh agus príomh-ionchúiseoirí ar fud na hEorpa saincheisteanna a bhaineann le beartas maidir leis an dlí coiriúil, bainistiú agus an cleachtas is fearr a phlé. Féadfar fadhbanna a chéannú agus réitigh a chur ar aghaidh ó thaobh an ionchúiseora den scéal.

8.3 I mí Deireadh Fómhair 2004 bhí an deis ag Oifig an Stiúirtheora Ionchúiseamh Poiblí an 7ú Comhdháil Eurojustice Bhliantúil a óstú i mBaile Átha Cliath. D'fhreastal 80 toscaire ar an gcomhdháil, ionadaitheach do fhiche sé tír Eorpach lena n-áirítear ocht gcinn de bhallstáit nua, mar aon le hionadaithe o Chomhairle na hEorpa, EUROJUST (buan-ghríasán ionchúiseoirí na hEorpa), OLAF (Oifig chun Calaois a Chomhrac an Aontais Eorpaigh) agus Comhlachas Idirnáisiúnta na nIonchúiseoirí.

8.4 D'oscail an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí An tUas, Michael Mac Dowell, TD an chomhdháil ar an 7 Deireadh Fómhair 2004 in Ionad Comhdhála Chaisleán Bhaile Átha Cliath. Lé linn dhá lá na comhdhála bhí cur i láthair agus seisiúin ceardlainne a phlé le roinnt ábhair spéise d'ionchúiseoirí ar fud an Aontais Eorpaigh.

8.5 Seo mar a leanas conclúidí na Comhdhála:

An Gaol idir Ionchúiseoirí agus Póilíní

8.6 Aithníodh ag an gcomhdháil, agus an gaol atá ann idir ionchúiseoirí agus póilíní sna ballstáit faoi chaibidil, go bhfuil cur chuigí éagsúla maidir leis an tsaincheist thábhachtach seo atá ag brath ar na córais dlí éagsúla agus na cleachtais náisiúnta éagsúla ar fud an Aontais Eorpaigh. Cé go bhfuil an t-eolas agus an saineolas teicniúil ag na póilíní chun imscrúdaithe a dhéanamh tá sé tábhachtach béim a chur ar thábhacht na dtreoracha a thugann an t-ionchúiseoir poiblí. Cé go bhfuil gá le dlúth chomhoibriú idir an dá institiúid ar mhaithe le feidhmiú chuí an chórais cheartas coiriúil, tháinig an chomhdháil ar an gconclúid go bhfuil sé riachtanach nach ndéanadh sé seo dochar do chumhacht ionchúiseoirí cinntí a dhéanamh ina réimse oibrithe féin ar mhodh neamhspleách.

Barántas Gabhála Eorpach

8.7 Sa phlé a rinneadh maidir le hoibriú nós imeachta an Bharántais Gabhála Eorpaigh, nótaíl an chomhdháil nach raibh, tráth na comhdhála, an córas nua i bhfeidhm ar feadh tréimhse sách fada chun theacht ar chonclúidí cinnte maidir leis agus go raibh roinnt nithe as ar eascraigh fadhbanna. Mar sin féin, aithníodh go raibh an córas ag obair cuíosach maith sna tíortha sin is minice a bhain úsáid as. D'aontaigh an chomhdháil leanúint d'oibriú

an chórais a bhreithniú agus, más gá, moltaí chun aon fhadhbanna a eascraíonn as a réiteach a dhéanamh chuig na húdaráis iomchuí sa todhchaí. Cheap na toscairí go raibh comharthaí maithe ann I n-oibriú rathúil an chórais nua go dtí seo do fheabhsuithe sa todhchaí i gcomuibriú idir córais ceartas coiriúil san Eoraip chun coireacht tras-teorann a chomhrac. Ina leith seo, tháinig an chomhdháil ar an gconclúid gurbh fhearr aitheantas frithpháirteach ná comhchuibhiú maidir le reachtaíocht.

Cúnamh d'Íobartaigh

8.8 Phléigh an chomhdháil cé chomh tairbhiúil agus atá an Creatchinnidh Eorpach maidir le Cúnamh d'Íobartaigh chun staid an íobartaigh a fheabhsú i gcórais cheartas coiriúil na hEorpa. Nótáladh an tábhacht atá le soláthar an oiread faisnéise agus cúnamh is féidir d'íobartaigh a chinntiú ar chomhréir leis an riachtanas atá ann an cheart chun triail chóir a fháil a ráthaítear le hAirteagal 6 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

8.9 Bhí an chomhdháil ar chomhthoil i gcoitinne maidir le mór-phrionsabail an Chreatchinnidh a bheith cabhrach: tá sé riachtanach go mbeidh teagmháil níos fearr ag íobartaigh le croílár an chórais ceartas coiriúil agus nach foláir d'ionchúiseoirí cur chuige a bheidh dírithe ar na híobartaigh a ghlacadh. Ní foláir d'ionchúiseoirí a bheith i dteagmháil le híobartaigh agus le heagraíochtaí tacaíochta. Tá cur chuige ionchúiseoirí poiblí fíor-thábhachtach agus caithfidh siad oibriú chun staid níos fearr a bhaint amach d'íobartaigh coireachta. Mar sin féin, d'aithnigh an chomhdháil nach bhféadfaidh ionchúiseoirí dearmad a dhéanamh gur finnétithe iad formhór na n-íobartaigh agus gur gá díriú ar a riachtanaí mar fhinnétithe agus mór-riachtanaí an chórais ceartais a bhfianaise a fháil. Ach an oiread leis sin, ní fhéadfaidh ionchúiseoirí neamhaird a dhéanamh den teannas a bhíonn ann idir cearta íobartaigh agus cearta cúisithe, go háirithe faoi Airteagal 6 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, agus ar mhaithe le leas an phobail ní foláir d'ionchúiseoirí gan dearmad a dhéanamh ar a bhfreagrachtaí ginearálta mar ionchúiseoirí.

Dea-Rialú

8.10 Sa phlé a rinneadh maidir le ceist an dea-rialaithe agus bainistithe na seirbhísí ionchúisimh, agus go háirithe maidir le córais atá deartha chun comhlíonadh a thomhas agus a mheas, tháinig an chomhdháil ar an gconclúid cé go bhféadfar deacrachtaí a chruthú trí mheasúnú cineálach, tá sé tábhachtach fós bearta den sórt sin a ghlacadh a mhéid is féidir ar mhaithe le cuntasacht agus éifeachtacht ionchúiseamh poiblí.

8.11 Is i Lisboa na Portaingéile a bheidh an chéad Chomhdháil Eurojustice eile i mí Deireadh Fómhair 2005. Cuirfear fóram ar fáil d'ionchúiseoirí chun cuid de na hábhair a ndearnadh plé orthu ag comhdháil Bhaile Átha Cliath a fhorbairt tuilleadh agus chun saincheisteanna dlíthiúla a bheidh ag déanamh difear do bhallstáit eile sa todhchaí a phlé.

9 SAORÁIL FAISNÉISE

9.1 Déantar foráil le hAlt 46 (1)(b) den Acht um Shaoráil Faisnéise maidir le ceart rochtana ar thaifid a bhaineann le riaradh ginearálta na hOifige. Tá sé d'éifeacht ag an bhforáil seo nach bhfuil rochtain le fáil ar thaifid a bhaineann le himscrúdú coiriúil nó comhaid ionchúisimh faoin Acht.

9.2 Lean an Oifig d'fhaisnéis a chur ar fáil chomh héasca agus a d'fhéadfaí a dhéanamh. Tá ár Leabhar Tagartha (a cheanglaíonn alt 15 agus 16 den Acht a chur ar fáil ag teacht leis an reachtaíocht nua) ar fáil go forleathan i leabharlanna poiblí ar fud na tíre agus ar láithreán gréasáin na hOifige ag an seoladh www.dppireland.ie. Imlínítear sa bhfoilseachán gnó na hOifige lena n-áirítear na cineálacha taifid a choimeádtar

9.3 Féadfar dul i dteagmháil leis an Aonad Saoráil Faisnéise ar an nguthán +353 1 6789222 nó tríd an ríomhphost ag an seoladh foi@dppireland.ie. Féadfar an seoladh ríomhphoist seo a úsáid le haghaidh fiosrúcháin ginearálta ach ní féidir é a úsáid i gcásanna ina dteastaíonn táille iarratais.

9.4 I rith na bliana 2004 cuireadh ocht n-iarratas faoi bhráid na hOifige. Diúltaíodh seacht gcinn acu faoin Acht agus tarraingíodh siar ceann ar déileáladh leis lasmuigh den Acht. I sé cinn de na hiarratais a diúltaíodh, neamhbhaint na dtaifead

a iarradh le riaradh ginearálta na hOifige ba chúis leis an diúltú

Iarratais a Fuarthas 2004

Diúltaíodh faoi alt 46(1)(b)	6
Iarratais a Diúltaíodh	1
Tarraingthe siar/déileáladh leo lasmuigh de Saoráil Faisnéise	1
IOMLÁN na nIARRATAS	8

9.5 Chuir iriseoir ceann de na hiarratais faoi bhráid na hOifige agus ón bpobal a fuarthas an chuid eile. Gach iarratas i ndáil le comhaid choiriúla.

Iarratasóirí 2004

Iriseoir	1
An Pobal	7

9.6 Fuair an Oifig iarratas amháin ar athbhreithniú inmheánach agus cumhdaíodh an cinneadh bunaidh. Rinne an t-iarratasóir achomharc in aghaidh an chinnidh seo chuig an gCoimisiún Faisnéise a chumhdaigh an cinneadh bunaidh freisin.

Athbhreithnithe

Iarratais ar Athbhreithniú Inmheánach	1
Iarratais chuig an gCoim Faisnéise le haghaidh athbhreithnithe	1

10 STAITISTICÍ

Nóta Míniúcháin i ndáil le Staidrimh

Tá na staidrimh a bhfuil imlíne orthu sa tuarascáil seo tiomsaithe ó shonraí a tógadh ónár gcórais Teicneolaíochta Eolais a úsáidtear go príomha mar chóras rianaithe cás agus níl sé mar chuspóir príomha leo staidrimh choiriúla a chruthú. Tá na córais faoi réir ag forbairt leanúnach chun caighdeán na sonraí a chuirtear ar fáil a mhéadú.

Tá an chaibidil ar staidrimh briste síos ina thrí roinn ar leithligh:

- Baineann Cairteanna 1 go dtí 6 le comhad a fuarthas san Oifig leis na trí bliana roimhe sin agus bíonn mionsonraí iontu ar na cineálacha treoracha a rinneadh;
- Tugann Cairteanna 7 go dtí 11 mionsonraí de thorthaí na gcásanna a rinne an Stiúrthóir a ionchúiseamh ar díotáil i ndáil le comhaid a fuarthas san Oifig idir 2001 agus 2003;
- Tugann Cairteanna 12 go dtí 14 staidrimh ar chaiteachas na hOifige.

Tagraíonn na teorainneacha bliantúla go léir sna táblaí staidrimh don bhliain a fuarthas an comhad san Oifig. Is í an chúis le dul siar chomh fada i gCairteanna 7 go dtí 11 ná chun an difríocht ama idir treoir a dhéanamh agus taifeadadh ar thoradh na trialach a chur san áireamh. Dá mba rud é go raibh staidrimh i ndáil le torthaí chásanna 2004 le cur ar fáil bheadh cion mór de na cásanna fós rangaithe mar ‘le héisteacht’.

Sa tuarascáil seo d’fhéachamar i bhformhór na gcásanna leaganacha cothrom le dáta a thabhairt de na sonraí atá leagtha amach i dTuarascáil Bhliantúil

2003 chun cuntas níos iomláine a thabhairt ar an dul chun cinn atá déanta ó foilsíodh na sonraí sin roimhe seo. Mar gheall ar an athrú leanúnach i stádas na sonraí ag aon tráth ar leith, m.sh. comhaid ‘atá á mbreithniú’ nó cásanna ‘atá le héisteacht’, beidh an fhaisnéis a thugtar sa tuarascáil seo difriúil óna raibh ann don bhliain chéanna i dtuarascáil na bliana anuraidh. Chomh maith leis sin, d’fhéadfadh sé nach mbeadh sonraí ó dhá bhliain dhifriúla go hiomlán inchomparáideach mar gheall de réir mar a bhíonn am á chaitheamh go dtugtar níos mó cásanna chun críche agus mar sin go gcaitheann go mbíonn faisnéis ó bhlianta níos túisce níos iomláine ná ó bhlianta níos deireanaí. Mura bhfuil a mhalairt luaite, tugadh sonraí atá sna staidrimh seo cothrom le dáta amhail Meitheamh 2005.


Ní mór cúram a ghlacadh i gcás go mbíonn na staidrimh seo á mbreithniú i bhfianaise staidreamh a fhoilsíonn eagraíochtaí eile ar nós an tSeirbhís Chúirteanna nó An Garda Síochána. Tá na staidrimh atá foilsithe anseo bunaithe ar ár gcórais rangaithe agus catagóirithe féin agus d’fhéadfadh sé nach mbeadh siad, i gcásanna áirithe, ag teacht le córais rangaithe eagraíochtaí eile.

Léiríonn Cairt 1 líon iomlán na gcomhad a fuair Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí idir 1976 agus 2004.

Is le himscrúdú coireachta a bhain formhór na gcomhad a fuair an Oifig. Bhain an chuid eile le ceisteanna ginearálta, nithe le haghaidh athbhreithnithe breithiúnacha nó iarratais ar chomhairle dhlíthiúil ón nGarda Síochána nó aturnaetha stáit áitiúla. Tá líon na gcásanna méadaithe i gcoitinne ó bhliain go bliain ó bunaíodh an Oifig, ó thaobh líon na gcomhad a fhaightear agus castacht na saincheisteanna a gcaithfear dul i ngleic leo.

Tá laghdú suntasach os cionn 1,000 comhad sna figiúirí don tréimhse 2000 go 2001 mar thoradh ar athrú ar na socruithe riaracháin lena gceadaítear don Gharda Síochána cionta áirithe a ionchúiseamh gan comhaid a chur faoi bhráid na hOifige roimh ré le teoracha a fháil. Is ann don mhéadú mór sna figiúirí ó 2001 go dtí 2002 mar gheall ar Roinn Choiriúil Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit a aistriú go dtí Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí i Nollaig 2001 chun Roinn Athurnaetha na hOifige a chruthú.

Cairt 1 LÍON IOMLÁN NA gCOMHAD A FUARTHAS




Soláthraíonn Roinn Aturnaetha Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí seirbhís aturanae don Stiúrthóir agus gníomhaíonn thar a cheann. Déileálann an roinn freisin le cásanna nach gcaitear a tharchur go díreach chuig an Roinn Treorúcháin chun treoir a fháil.

Léiríonn Cairt 2 an líon cásanna ar dhéileáil Roinn na nAturnaetha, agus an roinn sin amháin, leo agus áirítear inti comhaid ionchúisimh don Chúirt Dúiche, achomhairc ón gCúirt Dúiche go dtí an Chúirt Chuarda agus iarratais ar Bhannaí san Ard-Chúirt. Léiríonn an figiúr d'Achomhairc ón gCúirt Dúiche an líon comhad a sealbhaíodh agus ní an líon cúiseamh aonair a ndearnadh achomharc orthu. D'fhéadfadh roinnt cúiseamh a bheith faoi achomharc ag aon chosantóir amháin.

Déileálann Roinn na nAturnaetha le hiarratais ar athbhreithniú breithiúnach freisin. Cé gurb í Roinn na nAturnaetha, agus an roinn sin amháin, a dhéileálann le cuid de na hiarratais sin, caithtear cuid eile a chur ar aghaidh chuig an Roinn Treorúcháin le treoir a fháil. Mar gheall go bhfuil an Roinn Athbhreithnithe Bhreithiúnacha lonnaithe i Roinn na nAturnaetha, áfach, tá an líon iomlán d'iarratais ar athbhreithniú breithiúnach ar déileáladh leo sa chairt seo. Tá na hiarratais sin arbh éigin treoir a thabhairt ina leith san áireamh freisin sna figiúirí don Roinn Treorúcháin (Cairt 3) faoin gcatagóir 'comhaid dhlíthiúla eile'. Is féidir leis an Stiúrthóir Athbhreithniú Breithiúnach a ghlacadh nó is féidir athbhreithniú breithiúnach a ghlacadh ina aghaidh

Cairt 2 COMHAID A nDÉILEÁILTEAR LEO I ROINN NA nATURNAETHA

	2004	%	2003	%	2002	%
Comhaid Ionchúisimh Cúirte Dúiche	1847	26%	2403	34%	2163	30%
Achomhairc ón gCúirt Dúiche chun na Cúirte Cuarda	3064	43%	2281	33%	2064	29%
Iarratais ar Bhannaí Ard-Chúirte	1957	27%	2002	29%	2445	35%
Iarratais Athbhreithnithe Breithiúnacha	299	4%	278	4%	438	6%
IOMLÁN	7167	100%	6964	100%	7110	100%




Déanann Cairt 3 comparáid idir líon na gcomhad a fuair an Roinn Treorúcháin agus na ndaoine atá faoi amhras is ábhar do na comhaid seo. Baineann go leor díobh le níos mó ná duine amháin agus d'fhéadfaí dul amú a chruthú i dtaobh ualach oibre na hOifige dá ndéileálfai le comhad den sórt sin mar chás aonar. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach aird a thabhairt ar líon iomlán na ndaoine atá faoi amhras chomh maith le líon iomlán na gcomhad.

NOTA: Tá an figiúr don líon comhad a fuarthas sa Roinn Treorúcháin briste síos anois mar ‘comhaid ionchúisimh’ agus ‘comhaid dhlíthiúla eile’. Is í an chúis leis an mbriseadh síos ná ionas go bhféadfar an líon daoine a bhfuil amhras fúthu agus is ábhar do chomhad ionchúisimh a mheaitseáil go díreach leis an líon iarbhrí comhad den sórt sin. Áirítear ar na ‘comhaid dhlíthiúla eile’ iarratais ar chomhairle dhlíthiúil ón nGarda Síochána agus ó aturnaetha stáit áitiúla mar aon le hiarratais ar Athbhreithniú Breithiúnach arna bhfaíl ó Roinn na nAturnaetha i gcomhair treorach.

Cairt 3 CUR SÍOS AR NA COMHAID A FUAIR AN ROINN TREORÚCHÁIN

	2004	2003	2002
Líon comhad dlíthiúla a fuarthas nár bhain le hionchúiseamh	690	651	666
Líon comhad ionchúiseamh a fuair an Roinn Treorúcháin	6732	7012	6810
Líon daoine is ábhar do chomhaid ionchúiseamh	9512	9698	9277



Tá cur síos sa chairt seo ar na comhaid a fuair an Roinn Treorúcháin agus a ndearna sí iad a dhiúscairt i 2002, 2003 agus 2004 (suas go dtí Meitheamh 2005). Cuireann an Garda Síochána agus gníomhaireachtaí imscrúdúcháin speisialta na comhaid faoi bhráid Roinn na nAturnaetha go díreach nó faoi bhráid atur nae stáit áitiúil le haghaidh treorach faoi dhul ar aghaidh nó gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh. Déantar cinneadh mar seo a leanas, ag tabhairt tromchúiseacht an chiona agus an fhaisnéis atá sa chomhad i gcountas:

Ionchúiseamh ar bith: Déantar cinneadh gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh. Is de bharr ganntanas fianaise sa chuid is mó a dhéantar cinneadh gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh Léiríonn na figiúirí, áfach, na cúiseanna go léir gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh.

Ionchúiseamh ar Díotáil: Déantar cinneadh dul ar aghaidh le hionchúiseamh sa Chúirt Chuarda, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil nó i gCúirt Speisialta Choiriúil.


Diúscairt Achomair: Bíonn an cion le hionchúiseamh sa Chúirt Dúiche.

Faoi Bhreithniú: Comhaid nach mbíonn cinneadh déanta maidir leo. Ar áireamh anseo tá na comhaid ina raibh gá le tuilleadh faisnéise nó imscrúdaithe sula bhféadfaí cinneadh a dhéanamh. Is chun an cás a neartú a dhéantar tuilleadh faisnéise a lorg go hiondúil seachas de bharr aon locht a bheith ar an imscrúdú.

NÓTA: Tá na figiúirí do 2002 agus 2003 tugtha suas chun data ó foilsíodh Tuarascálacha Bliantúla roimhe seo. Léiríonn an laghdú ar líon na gcomhad atá “Faoi Bhreithniú” i gcomparáid le blianta roimhe seo an dul chun cinn ata déanta maidir leis na comhaid sin ó shin. Ar áireamh sna “hIonchúisimh ar Díotáil” tá na cásanna sin inar roghnaíodh cosantóirí le haghaidh trialach agus cásanna inar dhiúltaigh an Breitheamh Dúiche dlínse, d’ainneoin gur roghnaigh an Stiúrthóir diúscairt achomair ar dtús.

Cairt 4 DIÚSCAIRT COMHAD AN ROINN TREORÚCHÁIN DE RÉIR LÍON DAOINE IS ÁBHAR DO NA COMHAID A FUARTHAS


Treoir Déanta	2004	%	2003	%	2002	%
Ionchúiseamh ar Bith	3788	40%	3822	39%	3610	39%
Ionchúiseamh nó Indíotail	2619	28%	2906	30%	2826	30%
Diúscairt Achomair	2600	27%	2784	29%	2756	30%
LÍON IOMLÁN COMHAD A DIÚSCRAÍODH	9007	95%	9512	98%	9192	99%
Faoi Bhreithniú	505	5%	186	2%	85	1%
IOMLÁN	9512	100%	9698	100%	9277	100%



Bíonn cúiseanna éagsúla ann, seachas na príomhchúiseanna a leagtar amach sa chairt seo (“eile”) gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh i ndáil le comhad áirithe. Cúpla sampla de na cúiseanna seo ná moill, bás nó dul ar iarraidh an duine atá faoi amhras, bás nó dul ar iarraidh an ghearánaí nó diúltú an ghearánaí fianaise a thabhairt.

Cairt 4a CUR SÍOS AR NA PRÍOMHCHÚISEANNA AR THREOIR GAN DUINE ATÁ FAOI AMHRAS A IONCHÚISEAMH

Príomhchúiseanna gan dul ar aghaidh	2004	%	2003	%	2002	%
Ganntanas Fianaise	2784	73%	2896	76%	2593	71%
Clár Athstíurtha Óige	217	6%	157	4%	199	6%
Leas an Phobail	171	5%	197	5%	182	5%
Forais Simpíteacha	47	1%	54	1%	57	2%
Tréimhse Ama Caite	260	7%	288	8%	337	9%
Eile	309	8%	230	6%	242	7%
IOMLÁN	3788	100%	3822	100%	3610	100%



Is briseadh síos atá i gCairt 4b de na treoracha a tugadh ionchúiseamh ar díotáil a dhéanamh, de réir an chontae ina ndearnadh an cion. Cuirtear san áireamh inti cásanna a treoiríodh a éisteacht sa Chúirt Choiriúil, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus sna Cúirteanna Coiriúla Speisialta.

Tabhair ar aird, go bhfuil líon cásanna do 2004 ar cásanna iad “atá á mbreithniú” (féach Cairt 4). Ní féidir a dhéanamh amach cé mhéad de na cásanna sin a bhféadfadh treoir d’ionchúiseamh ar díotáil a bheith mar thoradh orthu.

Cairt 4b CUR SÍOS AN LÍON IONCHÚISEAMH AR DÍOTÁIL TREORAITHE DE RÉIR CONTAE AN CHIONA

Daonra *	Cásanna an 1,000 Duine						Méain Róla 3 Bliana		
	2004	2003	2002	2001	2000		2004	2003	2002
Ceatharlach	46,014	19	23	29	17	15			
An Cabhán	56,546	27	30	45	26	21	0.41	0.50	0.63
An Clár	103,277	60	64	51	28	38	0.48	0.53	0.80
Corcaigh	447,829	240	301	299	275	294	0.58	0.62	0.49
Dún na nGall	137,575	36	65	42	38	73	0.54	0.67	0.67
Baile Átha Cliath	1,122,821	1350	1485	1524	1418	1605	0.26	0.47	0.31
Gaillimh	209,077	82	49	47	61	91	1.20	1.32	1.36
Ciarráí	132,527	55	68	44	42	84	0.39	0.23	0.22
Cill Dara	163,944	121	93	123	92	107	0.42	0.51	0.33
Cill Chainnigh	80,339	53	26	23	41	41	0.74	0.57	0.75
Laois	58,774	31	22	30	17	20	0.66	0.32	0.29
Liatroim	25,799	4	18	2	4	7	0.53	0.37	0.51
Luinneach	175,304	85	107	83	89	91	0.16	0.70	0.08
An Longfort	31,068	10	16	16	8	16	0.48	0.61	0.47
Lú	101,821	63	77	97	71	93	0.32	0.51	0.51
Maigh Eo	117,446	49	27	29	18	47	0.62	0.76	0.95
An Mhí	134,005	48	55	48	54	45	0.42	0.23	0.25
Muineachán	52,593	19	30	40	40	38	0.36	0.41	0.36
Uíbh Fhailí	63,663	17	29	11	31	18	0.36	0.57	0.76
Ros Comáin	53,774	20	25	13	19	21	0.27	0.46	0.17
Sligeach	58,200	39	41	19	46	48	0.37	0.46	0.24
Tiobraid Árann	140,131	43	49	49	43	76	0.67	0.70	0.33
Port Láirge	101,546	62	94	72	52	102	0.31	0.35	0.35
An Iarmhí	71,858	23	45	34	48	50	0.70	0.93	0.71
Loch Garman	116,596	39	49	34	54	50	0.61	0.63	0.47
Cill Mhantáin	114,676	24	18	22	20	11	0.32	0.42	0.29
							0.33	0.42	0.29
							0.21	0.16	0.19
								</	

* Figiúirí Daonáirimh 2002


Léiríonn Cairt 5 an t-am idir comhad ionchúisimh críochnaithe a fháil san Oifig agus treoir a eisiúint maidir le cibé acu ar chóir nó nár chóir dul ar aghaidh le hionchúiseamh. Cinneadh an fhaisnéis seo a léiriú de réir “duine atá faoi amhras” seachas de réir comhad mar go dtarlaíonn sé i gcásanna áirithe go mbíonn níos mó ná duine amháin i gceist agus nach ndéantar an cinneadh céanna i leith gach duine acu i gcónaí.

Bíonn comhaid éagsúil ó thaobh méid agus chomh coimpléascach a bhíonn siad. I gcásanna áirithe, bhí gá le breis faisnéise agus imscrúdaithe sula bhféadfaí cinneadh a dhéanamh. Féadfar tuilleadh faisnéise a lorg chun cruthúnas cáis a fheabhsú, cé nach comhartha é seo go raibh aon locht ar an imscrúdú.

Rinneadh an t-am a caitheadh a ríomh ar bhonn na gcásanna a bhfuil treoir eisithe ina leith amháin. Níor cuireadh comhaid atá á mbreithniú fós san áireamh agus léirítear iad mar chatagóir ar leithligh

Cairt 5 AN tAM A CAITHEADH SULAR EISÍODH CINNEADH

An Tam a Caitheadh	2004	%	2003	%	2002	%
0 - Dhá Sheachtain	4126	44%	3914	40%	3564	37%
Dhá - Cheithre Sheachtain	1232	13%	1257	13%	1287	14%
Trí Mhí nó Níos Lú	2273	24%	2340	24%	2289	25%
Sé Mhí nó Níos Lú	971	10%	1168	12%	1074	12%
Dhá Mhí Déag nó Níos Lú	362	4%	637	7%	550	6%
Os cionn bliana	43	0%	196	2%	428	5%
LÍON IOMLÁN COMHAD						
DIÚSCARTHA	9007	95%	9512	98%	9192	99%
Faoi Bhreithniú	505	5%	186	2%	85	1%
IOMLÁN	9512	100%	9698	100%	9277	100%



Forálann Alt 2 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1993, go bhféadfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Achomhairc Choiriúil pianbhreith a fhorchuireann an chúirt thrialach a athbhreithniú, más dealraitheach go raibh an phianbhreith a forchuireadh sa dlí trócaireach go mí-chuí.


Tugann Cairt 6 thíos mionsonraí den líon iarratas a rinneadh ó tugadh isteach an tAcht.

I dtuarascálacha roimhe seo, leagadh torthaí na n-iarratas amach de réir na bliana inar **taisceadh** iad. Ní bhíodh na hiarratais go léir a taisceadh don bhliain dá raibh an Tuarascáil Bhliantúil ag tuairisciú, áfach, éiste ag dáta fhoilsiú na Tuarascála Bliantúla agus bhíodh na torthaí do na hiarratais sin liostaithe mar ar feitheamh. Cinneadh dá bhrí sin, ón mbliain 2003 ar aghaidh, torthaí na n-iarratas a leagan amach de réir na bliana inar **éisteadh** iad.

Tugann Cairt 6a thíos imlíne ar thorthaí na n-iarratas, ó na blianta 1994 go dtí 2002, de réir na bliana inar **taisceadh** an t-iarratas (mar a bhí sna Tuarascálacha Bliantúla roimhe seo).

Tugann Cairt 6b imlíne de thorthaí na n-iarratas, ón mbliain 2003 ar aghaidh, de réir na bliana inar **éisteadh** an t-iarratas.

Cairt 6 IARRATAÍS AR PHIANBHREITHEANNA A ATHBHREITHNIÚ AR FHORAS ROTHRÓCIARE



Cairt 6a TORTHAÍ NA NIARRATAS DE RÉIR NA BLIANA AR TAISCEADH IAD

Bliain Thaisceadh an Iarratais	D'éirigh leo	Diúltaithe	Iarratas Caite Amach nó Tarraingthe Siar	IOMLÁN
1994	-	1	1	2
1995	-	1	1	2
1996	1	1	1	3
1997	2	2	-	4
1998	6	3	3	12
1999	17	16	1	34
2000	15	13	3	31
2001	17	3	3	23
2002	14	9	-	23

Cairt 6b TORTHAÍ NA NIARRATAS DE RÉIR NA BLIANA AR ÉISTEADH IAD

Bliain Éisteacht an Iarratais	D'éirigh leo	Diúltaithe	Iarratas Caite Amach nó Tarraingthe Siar	IOMLÁN
2003	11	8	1	20
2004	13	8	1	22

TORTHAÍ IONCHÚISEAMH A TÓGADH AR DíOTÁIL

Cuireann cairteanna 7 go dtí 11 eolas ar fáil d'ionchúisimh ar díotáil a thóg an Stiúrthóir i ndáil le comhaid a fuair an Oifig idir 2001 agus 2003. Mar a dúradh sa nóta míniúcháin tosaigh, ba chóir cúram a ghlacadh sula ndéanfaí comparáid le figiúirí a chuireann aon eagraíocht eile ar fáil, mar gur dócha gur tiomsaíodh ar bhonn difriúil iad.

Baineann na figiúirí sna cairteanna seo le daoine aonair a bhfuil amhras fúthu agus a bhfuil treoir tugtha iad a ionchúiseamh ar díotáil. Soláthraítear na staidrimh ar bhonn duine ar dhuine seachas a bheith bunaithe ar na comhaid a fuarthas. Sin mar gheall go ndéantar treoir i ndáil le gach duine aonair a bhfuil amhras faoi nó fúithi atá i gcomhad seachas in aghaidh an chomhaid ina iomláine mar eintiteas ann féin. Ag brath ar an bhfianaise a thugtar, is minic go ndéantar treoracha dirfriúla i ndáil le daoine éagsúla a bhfuil amhras fúthu a fhaightear mar chuid den chomhad céanna. Déanann tagairtí sna cairteanna seo do 'chásanna' tagairt d'ionchúisimh den sórt sin a thógáil in aghaidh daoine aonair a bhfuil amhras fúthu. Cé gur féidir daoine aonair a bhfuil amhras fúthu atá luaite i gcomhad a chur ar a dtríail le chéile i gcás go mbíonn treoir tugtha iad a ionchúiseamh i gcúirteanna den dlínse chéanna, déanfar an bhreith i gcás gach duine aonair a bhfuil amhras faoi nó fúithi a chóimheas ar leithligh chun críche na staidreamh seo.

Cuirtear staidrimh ar fáil ar bhonn toradh amháin do gach duine atá faoi amhras; beag beann ar an líon cúiseamh a d'fhéadafaí a ionchúiseamh in aghaidh an duine sin i ndáil leis an gcomhad sin. I gcás go gciontaítear duine atá faoi amhras in aon chúiseamh, cuirfear an duine sin i gcatagóir 'ciontaithe' is cuma an bhfuil an ciontú don phríomhchúiseamh nó do chúiseamh níos lú nó do chúisimh ar díotáil. Is gcás go gcuirtear duine atá faoi amhras i gcatagóir 'éigiontaithe', ciallaíon sé sin go mbíonn an duine a bhfuil amhras faoi nó fúithi éigiontaithe ar na cúisimh go léir. Maidir le cásanna a éistear sa Phríomh-Chúirt Choiriúil d'éigniú agus dúnmharú, tugtar briseadh síos breise i ndáil le ciontuithe do chion nach bhfuil chomh tromhchúiseach (m.sh. dúnorgain seachas dúrmharú). Níl an fhaisnéis sin ar fáil inár gcórais ríomhaireachta maidir leis na cúirteanna eile agus mar sin ba chóir é sin a chur san áireamh nuair a bhítear ag baint brí as na staidrimh dóibh. Déantar daoine a bhfuil amhras fúthu a bhíonn os comhair na gcúirteanna sin a rangú bunaithe ar an gcion is tromchúisí a chuirtear ina leith, ach d'fhéadfadh an cion nó na cionta ina gciontaítear iad a bheith difriúil ó na cionta faoina bhfuil siad rangaithe sna cairteanna.

Ba chóir a thabhairt ar aird, go mbaineann na staidrimh atá sna cairteanna seo lenár tharla sa chúirt thrialach amháin agus ní in aon chúirt achomhairc ina dhiaidh sin. I bhfocail eile, i gcás go gciontaítear duine agus go gcealaítear an ciontú sin ina dhiaidh sin ar achomharc, taispeántear toradh na trialach inár gcuid staidreamh fós mar chiontú.

Ba chóir cúram a ghlacadh i ndáil le léirmhíniú na rátaí ciontaithe agus éigiontaithe maidir le blianta níos deireanaí, mar go bhfuil líon mór cásanna ann nach bhfuil tugtha chun críche. Ní bheidh an íomhá a thugann na staidrimh seo chomh hiomlán agus dá bhrí sin ní bheidh siad chomh hionadaíoch leis an íomhá do na staidrimh do bhlianta níos tuisce. Ní gá gur sampla ionadaíoch den iomlán a bheadh i gcásanna a thionóltar réasúnta luath.

Léiríonn Cairt 7 an toradh a bhí ar na hionchúisimh ar díotáil a tugadh i ndáil le cúisithe ar thosaigh na hionchúisimh ina leith sna blianta 2001 go 2003 (suas go Meitheamh 2005). Baineann na figiúirí le:

Ciontú: Ciontú i ndáil le ceann amháin ar a laghad de na cúiseanna a bhí i gceist.


Scaoileadh saor: An cosantóir neamhchiontach i leith gach cúis a bhí i gceist.

Gan éisteacht go fóill: Cinneadh déanta dul ar aghaidh le hionchúiseamh agus iad le dul os comhair cúirte.

NÓTA: Níl figiúirí don bhliain 2004 ar áireamh mar nach bhfuil déileáilte fós ag na cúirteanna lena bhformhór.


Chart 7 TORTHAÍ na gCÁSANNA - IONCHÚISIMH AR DÍOTÁIL

Toradh	2003	%	2002	%	2001	%
Ciontú	1715	59%	1972	70%	1889	71%
Scaoileadh saor	107	4%	120	4%	114	4%
Gan Éisteacht go Fóill	993	34%	630	22%	549	21%
Caite amach/Éiríodh as	91	3%	104	4%	100	4%
IOMLÁN	2906	100%	2826	100%	2652	100%



Cairt 7a ACHOIMRE - CIONTAITHE/SCAOILEADH SAOR (CÁSANNA NÁR ÉISTÍODH GO FÓILL GAN BHEITH SAN ÁIREAMH)

	2003	%	2002	%	2001	%
Ciontaithe ag Giúiré	90	5%	173	8%	167	8%
Ciontú tar éis Pléadáil Ciontach	1625	90%	1799	87%	1722	87%
CIONTAITHE - IOMLÁN	1715	95%	1972	95%	1889	95%
Scaoilte Saor ag Giúiré	62	3%	72	3%	67	3%
Scaoilte Saor ar Threoir ón mBreitheamh	45	2%	48	2%	47	2%
SCAOILEADH SAOR - IOMLÁN	107	5%	120	5%	114	5%
IOMLÁN	1822	100%	2092	100%	2003	100%



Tugann Cairt 8 briseadh síos ar na hionchúisimh a treoraíodh ar díoráil a éisteacht sa Chúirt Chuarda. Is iad na cásanna atá rangaithe mar ‘Le hÉisteacht’ ná na cásanna sin nach bhfuil fíoras
taifeadta go fóill ina leith. I gcuid de na cásanna seo, d’fhéadfadh tús a bheith curtha ag triail le héisteachtraí, ach go mbeadh na himeachtraí stoptha ag iarratas ar Athbhreithniú Breithiúnach.
I gcásanna eile, d’fhéadfadh sé go bhfuil an cosantóir éalaithe roimh an triail agus go bhfuil barántas binse agus/nó imeachtraí eiseachadta i bhfeidhm. B’fhéidir le cásanna eile, go háirithe iad
sin de chineál casta, nach bhfuil siad tagtha chun trialach go fóill. Mar gheall ar an gcion mór de cásanna ‘Le hÉisteacht’ atá ann, níl na figiúirí sna blianta is déanaí chomh hionadatoch.
Tá feidhm ag an gcoimníoll sin freisin i gcás Chairteanna 9-11. I gcás go mbíonn easaontas faoi thoradh trialach, déileáiltear leis an gcás fós mar ‘Le hÉisteacht’ mura mbíonn nolle prosequi
iontráilte.

Cairt 8 TORTHÁI NA GCÁSANNA A IONCHÚISIODH SA CHÚIRT CHOIRIÚIL CHUARDA

	Iomlán			Ciontú ag Giúiré			Ciontú ar Phléadál			Éigintú ag Giúiré			Éigintú ar Threoir an Bhreithimh			Le hÉisteacht			Diúscairt ar Shlí Eile		
	2003	2002	2001	2003	2002	2001	2003	2002	2001	2003	2002	2001	2003	2002	2001	2003	2002	2001	2003	2002	2001
Timpistí Marfacha ag an Obair	8	5	5	2	0	1	5	5	3	0	0	1	0	0	0	1	0	0	0	0	0
Timpistí Marfacha Tráchtá Bóthair	37	47	32	4	6	9	21	32	18	1	2	2	2	4	1	9	2	1	0	1	1
Dúnorgain	9	15	17	1	2	8	2	10	7	0	1	0	0	0	1	6	2	1	0	0	0
Cionta Marfacha Eile	2	1	0	0	0	0	1	0	0	0	0	0	0	0	0	1	1	0	0	0	0
Iomlán - Cionta Marfacha	56	68	54	7	8	18	29	47	28	1	3	3	2	4	2	17	5	2	0	1	1
Buirgléireacht	267	268	226	2	6	12	181	196	141	5	2	3	3	0	5	74	62	60	2	2	5
Calaois	51	24	47	0	1	1	27	16	28	0	0	0	2	0	3	21	7	14	1	0	1
Robáil	406	486	526	10	12	8	283	339	377	1	3	5	3	4	2	99	118	127	10	10	7
Cionta Eile in Aghaidh Maoine	236	260	241	3	14	7	126	174	153	4	4	4	5	8	2	91	53	66	7	7	9
Iomlán - Cionta in aghaidh Maoine	960	1,038	1,040	15	33	28	617	725	699	10	9	12	13	12	12	285	240	267	20	19	22
Bugaireacht	5	5	2	1	0	0	2	2	2	0	1	0	0	0	0	2	2	0	0	0	0
Pornagrafaíocht Leanaí	31	16	3	0	1	0	21	11	2	0	0	0	1	0	0	9	4	1	0	0	0
Ionsaí Gnéis	84	83	94	3	6	9	33	39	51	6	6	8	1	1	3	40	23	19	1	8	4
Gnéas le cailín mionaoise	19	21	16	0	1	1	11	11	9	0	1	0	0	1	1	7	7	4	1	0	1
Cionta Gnéis Eile	21	27	22	0	0	2	8	15	11	0	1	2	0	1	1	13	10	4	0	0	2
Iomlán - Cionta Gnéis	160	152	137	4	8	12	75	78	75	6	9	10	2	3	5	71	46	28	2	8	7
Cionta Drugaí	455	427	463	11	15	12	310	318	336	3	2	3	5	4	6	122	87	101	4	1	5
Cionta Arm Tine agus Pléascán	150	88	50	5	8	1	89	58	38	1	1	2	3	0	0	49	19	8	3	2	1
Cionta Neamb-Mharfacha in aghaidh an Duine	702	688	515	27	55	33	346	398	312	31	35	19	15	20	20	258	146	100	25	34	31
Cionta Oird Phoiblí	85	45	67	1	0	2	23	17	49	3	2	5	1	0	0	50	21	11	7	5	0
Cionta Ioncaim	13	25	4	0	1	0	0	5	3	0	0	0	0	0	0	13	18	0	0	1	1
Cionta Eile	221	160	177	1	8	6	119	104	129	2	5	0	2	3	0	88	37	40	9	3	2
MÓR-IOMLÁN	2,802	2,691	2,507	71	136	112	1,608	1,750	1,669	57	66	54	43	46	45	953	619	557	70	74	70

Cairt 8a BRISEADH SÍOS MAR ‘DÍUSCAIRT AR SHLÍ EILE’ Ó CHAIRT 8

	2003	2002	2001
An Cuisi Basaithe	3	4	7
Nolle Prosequi Iontrailte	56	63	48
Cáite Amach	11	7	12
Tarraingthe Siar	0	0	3
IOMLÁN	70	74	70

Cairt 8b CION DE CHIONTUITHE & ÉIGIONTUITHE DO NA CÁSANNA A TUGADH CHUN CRÍCHE

	Iomlán			Ciontú			Éigiontú		
	2003	2002	2001	2003	2002	2001	2003	2002	2001
Timpistí Marfacha ag an Obair	7	5	5	100%	100%	80%	0%	0%	20%
Timpistí Marfacha Tráchta Bóhair	28	44	30	89%	86%	90%	11%	14%	10%
Dúnorgain	3	13	16	100%	92%	94%	0%	8%	6%
Cionta Marfacha Eile	1	0	0	100%	N/A	N/A	0%	N/A	N/A
Iomlán- Cionta Marfacha	39	62	51	92%	89%	90%	8%	11%	10%
Buirgíreach	191	204	161	96%	99%	95%	4%	1%	5%
Calaois	29	17	32	93%	100%	91%	7%	0%	9%
Robáil	297	358	392	99%	98%	98%	1%	2%	2%
Cionta Eile in aghaidh Maoine	138	200	166	93%	94%	96%	7%	6%	4%
Iomlán - Cionta in aghaidh Maoine	655	779	751	96%	97%	97%	4%	3%	3%
Bugaireacht	3	3	2	100%	67%	100%	0%	33%	0%
Pornagrafaíocht Leanai	22	12	2	95%	100%	100%	5%	0%	0%
Ionsaí Gnéis	43	52	71	84%	87%	85%	16%	13%	15%
Gnéas le cailín mionaoise	11	14	11	100%	86%	91%	0%	14%	9%
Cionta Gnéis Eile	8	17	16	100%	88%	81%	0%	12%	19%
Iomlán - Cionta Gnéis	87	98	102	91%	88%	85%	9%	12%	15%
Cionta Drugaí	329	339	357	98%	98%	97%	2%	2%	3%
Cionta Arm Tine agus Pléascán	98	67	41	96%	99%	95%	4%	1%	5%
Cionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine	419	508	384	89%	89%	90%	11%	11%	10%
Cionta Oird Phoiblí	28	19	56	86%	89%	91%	14%	11%	9%
Cionta Ioncaim	0	6	3	N/A	100%	100%	N/A	0%	0%
Cionta Eile	124	120	135	97%	93%	100%	3%	7%	0%
MÓR-IOMLÁN	1779	1998	1880	94%	94%	95%	6%	6%	5%

Leagann an chairt thíos amach torthaí cásanna a treoraíodh i gcomhair ionchúisimh sa Chúirt Choiriúil Speisialta. Tabhair ar aird le do thoil nach bhfuil breith trialach faighte fós go dtí seo, ar na cásanna i ndáil le comhaid a fuarthas i 2003.

Cairt 9 TORTHÁI CÁSANNA: IONCHÚISIMH SA CHÚIRT CHOIRIÚIL SPEISIALTA

	Iomlán			Ciontú ag Breithiúna			Ciontú ar Phléadáil			Éigiontú ag Breithiúna			Le hÉisteacht		
	2003	2002	2001	2003	2002	2001	2003	2002	2001	2003	2002	2001	2003	2002	2001
Cionta Arm Tine & Pléascach	5	2	7	0	2	1	0	0	6	0	0	0	5	0	0
Comhaltas d'Eagraíocht															
Mhídhleathach & Cionta Gaolmhara	11	14	23	0	2	19	0	7	3	0	0	0	11	5	1
Bagairt Mharfach nó Dhochrach	0	0	1	0	0	1	0	0	0	0	0	0	0	0	0
IOMLÁN	16	16	31	0	4	21	0	7	9	0	0	0	16	5	1

Cairt 9a CION DE CHIONTUITHE & ÉIGIONTUITHE DO CHÁSANNA TUGTHA CHUN CRÍCHE

	Iomlán			Ciontú			Éigiontú		
	2003	2002	2001	2003	2002	2001	2003	2002	2001
Cionta Arm Tine & Pléascán	0	2	7	N/A	100%	100%	N/A	0%	0%
Ballraíocht in Eagraíocht									
Mhídhleathach & Cionta Gaolmhara	0	9	22	N/A	100%	100%	N/A	0%	0%
Bagairt Mharaithe nó Dhiobhála	0	0	1	N/A	N/A	100%	N/A	N/A	0%
IOMLÁN	0	11	30	N/A	100%	100%	N/A	0%	0%

Tugann Cairt 10 imlíne ar thoradh na gcásanna a treoraíodh lena n-ionchúiseamh sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus briseadh síos ar na cásanna go léir tríd de réir an chúisimh ba thromhchúisí in aghaidh an chosantóra. Déanann na cairteanna forlíontacha briseadh síos ar thorthaí 'ciontuithe ar chúiseamh níos lú' agus 'diúscairt ar shli eile'.

Cairt 10 TORADH NA GCÁSANNA A IONCHÚISÍODH AR DÍOTÚIL SA PHRÍOMH-CHÚIRT CHOIRIÚIL

An Cion is Tronchúisí Lenar Cúisíodh	Iomlán			Ciontú le Giúiré			Ciontú ar Phléadáil			Ciontú ar Chúiseamh Níos Lú			Éigiontú le Giúiré			Éigiontú le Treoir on mBreitheamh			Diúscairt ar Shli Eile			Le hÉisteacht		
	2003	2002	2001	2003	2002	2001	2003	2002	2001	2003	2002	2001	2003	2002	2001	2003	2002	2001	2003	2002	2001	2003	2002	2001
Dúnmharú	40	54	36	15	18	16	4	9	5	5	15	7	0	0	5	2	1	0	1	0	2	12	11	1
Éigniú	46	64	72	3	6	9	8	22	30	0	4	9	5	6	8	0	1	2	3	3	7	27	22	7
Iarracht Dúnmharaithe	1	0	3	0	0	0	0	0	2	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	1	0	1
Iarracht Éignithe	1	1	3	0	0	0	1	1	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	3
IOMLÁN NA GCÁSANNA	88	119	114	18	24	25	13	32	37	5	19	16	5	6	13	2	2	2	4	3	9	40	33	12

Cairt 10a BRISEADH SÍOS MAR 'CIONTUITHE AR CHÚISEAMH NÍOS LÚ' DO CHÁSANNA RANGAITHE MAR DHUNMHARÚ

	Iomlán			Ciontú le Giúiré			Ciontú ar Phléadáil		
	2003	2002	2001	2003	2002	2001	2003	2002	2001
Dúnorgain	5	14	7	1	8	7	4	6	0
Buingléireacht	0	1	0	0	1	0	0	0	0
IOMLÁN	5	15	7	1	9	7	4	6	0

Cairt 10b BRISEADH SÍOS MAR 'CIONTUITHE AR CHÚISEAMH NÍOS LÚ' DO CHÁSANNA RANGAITHE MAR ÉIGNIÚ

	Iomlán			Ciontú le Gitiúré			Ciontú ar Phléadál		
	2003	2002	2001	2003	2002	2001	2003	2002	2001
Ionsaí Gnéis	0	2	7	0	0	2	0	2	5
Gnéas le cailin mionaoisea	0	1	2	0	0	0	0	1	2
Seilbh ar Arim Thine agus é beartaithe Saol a chur i gContúirt	0	1	0	0	0	0	0	1	0
IOMLÁN	0	4	9	0	0	2	0	4	7

Cairt 10c BRISEADH SÍOS MAR 'DIÚSCAIRT AR SHLÍ EILE'

	2003			2002			2001		
Nolle Prosequi Iontrailte			4			2			5
An Cuisi Basaithe			0			1			0
Caite Amach			0			0			2
Cas Tarraingthe Siar			0			0			2
IOMLAN			4			3			9

Cairt 10d CION NA GCIONTUITHE & NA NÉIGIONTUITHE DO CHÁSANNA ATÁ TUGTHA CHUN CRÍCHE (LENA N-ÁIRIAR CIONTUITHE AR CHÚISEAMH NÍOS LÚ)

	Iomlán			Ciontú			Éigíontú		
	2003	2002	2001	2003	2002	2001	2003	2002	2001
Dúnmharú Éigniú	26	43	33	92%	98%	85%	8%	2%	15%
Iarracht Dhúnmharaithe	16	39	58	69%	82%	83%	31%	18%	17%
Iarracht Éignithe	0	0	2	N/A	N/A	100%	N/A	N/A	0%
Iarracht Éignithe	1	1	0	100%	100%	N/A	0%	0%	N/A
IOMLÁN	43	83	93	84%	90%	84%	16%	10%	16%

Tugann Cairt 11 briseadh síos ar fhíoraise na gcás do gach cúirt choiriúil chuarda. Murab amhlaidh le Cairt 8, ní áirítear inti cásanna 'ata le hÉisteacht' nó cásanna a raibh aon toradh eile orthu seachas ciontú nó éigiontú. Tabhair ar aird i roinnt cásanna, go bhféadfadh triail a bheith i gcúirt chuarda nach i an cúirt chuarda í don chontae ina ndearnadh an cion.

Cairt 11 TORTHÁI NA GCÁSANNA A IONCHÚISÍODH AR DÍOTÁIL SA CHÚIRT CHOIRIÚIL CHUARDA DE RÉIR CONTAE

	Iomlán			Ciontú le Giúiré			Ciontú ar Phléadál			Éigiontú le Giúiré			Éigiontú ar Threoir ón mBreitheamh		
	2003	2002	2001	2003	2002	2001	2003	2002	2001	2003	2002	2001	2003	2002	2001
Ceatharlach	14	17	14	2	9	1	10	7	11	2	1	1	0	0	1
An Cabbán	17	37	14	0	0	1	16	36	13	1	0	0	0	1	0
An Clár	22	40	22	3	7	2	17	30	18	2	1	1	0	2	1
Corcaigh	189	206	165	10	11	13	165	182	147	6	3	2	8	10	3
Dún na nGall	39	25	21	0	1	1	37	24	20	2	0	0	0	0	0
Baile Átha Cliath	1006	1116	1089	22	58	50	945	1019	989	18	25	27	21	14	23
Gaillimh	25	31	39	0	1	4	21	27	34	3	2	1	1	1	0
Ciarráí	40	37	31	1	1	1	34	27	26	3	7	2	2	2	2
Cill Dara	42	54	38	4	2	3	34	48	33	4	4	2	0	0	0
Cill Chainnigh	10	18	23	0	0	2	9	14	17	1	3	2	0	1	2
Laois	10	25	12	2	7	5	8	18	6	0	0	1	0	0	0
Liatroim	12	3	5	1	1	1	11	2	3	0	0	1	0	0	0
Luinneach	28	49	46	2	2	5	24	41	32	0	3	5	2	3	4
An Longfort	4	16	10	0	0	0	4	16	10	0	0	0	0	0	0
Lú	42	56	29	8	3	1	30	44	27	4	8	0	0	1	1
Maigh Eo	19	15	13	1	0	0	17	14	12	1	0	0	0	1	1
An Mhí	38	41	37	0	9	5	37	28	27	1	2	3	0	2	2
Muineachán	15	23	24	1	2	0	13	19	24	1	1	0	0	1	0
Uíbh Fhailí	19	9	20	5	1	4	14	7	16	0	0	0	0	1	0
Ros Comáin	17	6	10	0	0	1	17	6	8	0	0	0	0	0	1
Sligeach	34	9	37	3	2	4	29	7	31	0	0	2	2	0	0
Troibraid Árann	29	39	34	2	6	1	22	33	31	1	0	1	4	0	1
Port Láirge	46	40	41	2	2	4	40	32	34	2	2	2	2	4	1
An Iarmhí	22	20	37	1	1	1	19	19	35	2	0	0	0	0	1
Loch Garman	20	28	42	1	5	2	17	21	38	2	1	1	0	1	1
Cill Mhantáin	20	38	27	0	5	0	18	29	27	1	3	0	1	1	0
IOMLÁN	1779	1998	1880	71	136	112	1608	1750	1669	57	66	54	43	46	45

Cairt 11a CION NA GCIONTUITHE & NA NÉIGIONTUITHE DO CHÁSANNA ATÁ TUGTHA CHUN CRÍCHE

	Total			Ciontú			Éigiontú		
	2003	2002	2001	2003	2002	2001	2003	2002	2001
Ceatharlach	14	17	14	86%	94%	86%	14%	6%	14%
An Cabhán	17	37	14	94%	97%	100%	6%	3%	0%
An Clár	22	40	22	91%	93%	91%	9%	8%	9%
Corcaigh	189	206	165	93%	94%	97%	7%	6%	3%
Dún na nGall	39	25	21	95%	100%	100%	5%	0%	0%
Baile Átha Cliath	1,006	1,116	1,089	96%	97%	95%	4%	3%	5%
Gaillimh	25	31	39	84%	90%	97%	16%	10%	3%
Giarraí	40	37	31	88%	76%	87%	13%	24%	13%
Cill Dara	42	54	38	90%	93%	95%	10%	7%	5%
Cill Chainnigh	10	18	23	90%	78%	83%	10%	22%	17%
Laois	10	25	12	100%	100%	92%	0%	0%	8%
Liatroim	12	3	5	100%	100%	80%	0%	0%	20%
Luimneach	28	49	46	93%	88%	80%	7%	12%	20%
An Longfort	4	16	10	100%	100%	100%	0%	0%	0%
Lú	42	56	29	90%	84%	97%	10%	16%	3%
Maigh Eo	19	15	13	95%	93%	92%	5%	7%	8%
An Mhí	38	41	37	97%	90%	86%	3%	10%	14%
Muineachán	15	23	24	93%	91%	100%	7%	9%	0%
Uíbh Fhailí	19	9	20	100%	89%	100%	0%	11%	0%
Ros Comáin	17	6	10	100%	100%	90%	0%	0%	10%
Sligeach	34	9	37	94%	100%	95%	6%	0%	5%
Tiobraid Árann	29	39	34	83%	100%	94%	17%	0%	6%
Port Láirge	46	40	41	91%	85%	93%	9%	15%	7%
An Iarmhí	22	20	37	91%	100%	97%	9%	0%	3%
Loch Garman	20	28	42	90%	93%	95%	10%	7%	5%
Cill Mhantáin	20	38	27	90%	89%	100%	10%	11%	0%
IOMLÁN	1,779	1,998	1,880	94%	94%	95%	6%	6%	5%

Tá cur síos i gCairt 12 ar chaiteachas na hoifige i 2004, 2003 & 2002.

Tuarastail & Pá: Léiríonn sé seo tuarastail na foirne atá ar fostú san Oifig. 166.5 an líon iomlán foirne ar an 1 Eanáir 2004.


Caiteachais Oifige: Baineann sé seo le costais ghinearálta riaracháin na hoifige e.g. trealamh oifige a cheannach agus a chothabháil, soláthairtí oifige, costais leabharlainne, áitreabh oifige a chothabháil, taisteal agus caiteachais teagmhasacha eile.

Táillí Abhcóide: Táillí iad seo a íoctar le habhcóidí a dhéanann cásanna a ionchúiseamh thar ceann an Stiúrthóra sna cúirteanna coiriúla éagsúla. Leagtar amach na táillí laistigh de pharaméadair a shocraíonn an tAire Airgeadais.

Caiteachais Ghinearálta Dlí: Baineann siad seo le costais dlíthiúla a ndéanann na cúirteanna iad a dhámhachtain i ndáil le nithe a bhaineann le hathbhreithniú breithiúnach agus iarratais eile i dtaca le himeachtaí dlíthiúla i gcoinne an Stiúrthóra.

Cairt 12 CAITEACHAS NA HOIFIGE

	2004 €	%	2003 €	%	2002 €	%
Tuarastail Pá & Liúntais	8,458,701	30%	7,651,069	29%	6,345,508	27%
Costais Oifige	2,926,165	10%	2,435,150	9%	3,824,600	16%
Táillí Abhcóide	12,374,056	43%	12,997,392	50%	10,034,317	43%
Caiteachais Ghinearálta Dlí	4,902,298	17%	3,121,648	12%	3,231,528	14%
IOMLÁN	28,661,220	100%	26,205,259	100%	23,435,953	100%




Léiríonn Cairteanna 13 & 14 an caiteachas ar tháillí abhcóide sna cúirteanna coiriúla éagsúla agus de réir réigiúin i leith na Cuirte Cuarda Coiriúla.

I measc na dtáillí a íocadh le habhcóidí sa Phríomh-Chúirt Choiriúil, i gCúirteanna Speisialta Coiriúla agus sa Chúirt Chuardal, bhí táillí a bhain le comhairle maidir le cruthúnas, dréachtú, comhairleoireacht, díotchúiseacht, cásanna a chur i láthair agus láithriú i gcásanna eile ina raibh gá déanamh amhlaidh, mar shampla, pianbhreitheanna.

Is de bharr iarratais ar bhannaí agus obair ullmhúcháin a bhain le hathbhreithnithe bhreithiúnacha formhór na dtáillí san Ard-Chúirt.

Cairt 13 TÁILLÍ ÍOCHA AG AN gCÚIRT LE HABHCÓIDÍ


	2004 €	%	2003 €	%	2002 €	%
An Chúirt Chuarda	5,659,687	46%	5,086,664	39%	4,923,561	50%
An Phríomh-Chúirt Choiriúil	3,961,620	32%	4,753,747	37%	3,031,286	30%
An Ard-Chúirt	1,496,433	12%	1,479,486	11%	1,177,006	12%
An Chúirt Uachtarach	217,260	2%	178,963	1%	94,363	1%
An Chúirt Achomhairc Choiriúil	710,182	6%	834,134	6%	547,982	5%
Cúirt Choiriúil Speisialta	267,303	2%	596,072	5%	236,639	2%
An Chúirt Dúiche	61,571	0%	68,326	1%	23,480	0%
IOMLÁN	12,374,056	100%	12,997,392	100%	10,034,317	100%



Cairt 14 TÁILLÍ ÍOCHA AG AN gCÚIRT LE hABHCÓIDÍ

	2004 €	%	2003 €	%	2002 €	%
Baile Átha Cliath*	3,688,480	64%	3,188,025	62%	2,918,243	59%
Corcaigh	226,288	4%	548,147	11%	280,078	6%
An tOirthear	384,148	7%	389,966	8%	392,516	8%
Lártíre	337,059	6%	184,909	4%	272,795	6%
Oirdheisceart	548,822	10%	420,950	8%	549,324	11%
Iardheisceart	147,058	3%	138,093	3%	223,562	5%
An tIarthar	169,800	3%	115,019	2%	121,299	2%
An Tuaisceart	158,032	3%	101,555	2%	165,744	3%
IOMLÁN	5,659,687	100%	5,086,664	100%	4,923,561	100%

* Cuireadh €49,761 le hiomlán Bhaile Átha Cliath chun Orduithe Iníoctha a eisíodh arís a chur i gcuntas



11 SLIOCHT AS CUNTAS LEITHREASA 2003

Seo mar a leanas sliocht as Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Leithreasa an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste don bhliain 2003.

Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí Vóta 14

CUNTAS ar an tsuim a caitheadh, don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2003, arna chur i gcomparáid leis an suim a deonaíodh agus ar an suim a fhéadfar a chur i bhfeidhm mar leithreasaithe-i-gcabhair ina theannta sin, do luach saothair agus caiteachais Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Seirbhís	Soláthar Meastaithe €'000	Aschur €'000	Méideanna Faibhrithe €'000
RIARADH			
A.1. Tuarastal, Pá agus Liúntais	8,363	7,651	-
A.2. Taisteal agus Cothabháil	148	115	8
A.3. Caiteachais Theagmhásacha	1,006	1,002	36
A.4. Seirbhísí Poist agus Telechumarsáide	260	242	23
A.5. Trealamh Oifige agus Soláthairtí Oifige Eile	482	462	12
A.6. Caiteachais a Bhaineann le hÁitreabh Oifige	499	702	(327)
SEIRBHÍSÍ EILE			
B. Táillí Abhcóidí	16,042	12,997	2,513
C. Caiteachais Ghinearálta Dlí	<u>2,608</u>	<u>3,122</u>	<u>2,480</u>
Comhiomlán	29,408	26,293	4,745
<i>Bain as -</i>			
D. Leithreasaithe-i-gCabhair	15	88	-
Glaniomlán	29,393	26,205	4,745
AN BARRACHAS ATÁ LE GÉILLEADH €3,187,741			

12 AN TACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS, 1997 Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála, 2002

Feidhmiú an Achta sa Tréimhse ó 1 Eanáir 2004 to 31 Nollaig 2004

12.1 Íocann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí soláthraithe tar éis a chruthaítear go bhfuil na hearraí nó na seirbhísí atá i gceist sásúil agus laistigh de 30 lá ón lá a fhaightear sonrasc ón soláthraí. I gcás taillí abhcóidí, cé nach ndéantar sonraisc a ghineadh, is é cleachtas na hOifige iad a íoc laistigh de 45 lá tar éis tuarascáil a fháil maidir le gach cás ón atur nae stáit áitiúil.

12.2 Sa tréimhse atá i gceist anseo, rinne an Oifig 56 íocaíocht a bhí déanach a chostaigh os cionn €317.50. €87,716.29 luach iomlán na n-íocaíochtaí seo. €87,951.80 luach iomlán na n-íocaíochtaí déanacha don bhliain as iomlán €3 mhilliún agus gearradh €2,052.37 úis ar an méid sin.

a íoc laistigh den tréimhse iomchuí. Nuair a bhíonn na sonraisc á n-íoc cuirtear an dáta a bhfuarthas iad i gcomparáid le dáta na híocaíochta, agus má bhíonn sé thar an teorainn ama iomchuí, gintear íocaíocht úis go huathoibríoch. I gcásanna ina dteastaíonn íocaíocht úis, cuirtear in iúl é don bhainistíocht le go bhféadfaidh sí cibé gníomh is gá a ghlacadh.

12.5 Cuireann na nósanna imeachta atá leagtha amach cosaint réasúnach ar fáil ach ní chuireann siad cosaint iomlán ar fáil maidir le neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta.

Barry Donoghue
Oifigeach Cuntasaíochta
Márta 2005

Ráiteas an Oifigh Cuntasaíochta

12.3 Is ceann de na heagraíochtaí a thagann faoi réim an Achta un Íocaíocht Pras Cuntas, 1997 agus Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála, 2002 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Tháinig an tAcht i bhfeidhm an 2 Eanáir 1998 agus tá téarmaí an Achta á gcomhlíonadh ag an Oifig ón am sin i leith.

12.4 Stampáiltear na sonraisc go léir a fhaightear ó sholáthraithe nuair a fhaightear iad. Ceadaítear iad agus cuirtear faoi bhráid iad lena n-íoc go tráthuile chun a chinntiú go ndéantar iad

13 CREAT AN PHRÓISIS IONCHÚISEAMH CHOIRIÚIL

AN GARDA SÍOCHÁNA & SAINGHNÍOMHAIREACHTAÍ IMSCRÚDÚCHÁIN

- Imscrúdaithe coiriúla neamhspleácha a sheoladh
- An chuid is mó ionchúiseamh achoimre a sheoladh sa Chúirt Dúiche i leith *mionchionta*
- Comhaid a ullmhú agus a chur faoi bhráid Rannán na nAturnaetha in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (cásanna Bhaile Átha Cliath) nó faoi bhráid an aturnae stáit áitiúil (cásanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath) i leith cionta *tromaí*

RANNÁN NA nATURNAETHA OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ (Cásanna atá le héisteacht i mBaile Átha Cliath)

ATURNAE STÁIT ÁITIÚIL (Cásanna atá le héisteacht lasmuigh de Bhaile Átha Cliath)

- Ionchúisimh achoimre áirithe a sheoladh sa Chúirt Dúiche
- Comhaid imscrúdaithe a chur faoi bhráid Rannán na dTreoracha d'Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí chun treoracha a fháil maidir le hionchúiseamh
- Cásanna a ullmhú le haghaidh na cúirte

RANNÁN NA dTREORACHA OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ

- Scrúdaíonn comhaid a fhaightear ó Rannán na nAturnaetha agus ó aturnaetha stáit áitiúla
 - Stiúraíonn tionscnamh ionchúisimh nó leanúint d'ionchúiseamh
- Ainmníonn abhcóidí chun cásanna a ionchúiseamh ar díotáil (os comhair na Cúirte Cuarda, na Príomh-Chúirte Coiriúla agus na Cúirte Coiriúla Speisialta)
- Soláthraíonn treoir leanúnach agus comhairle dhlíthiúil do Rannán na nAturnaetha agus d'aturnaetha stáit áitiúla go dtí go gcríochnaítear an cás atá á éisteacht
- Tugann comhairle don Gharda Síochána agus do shainghníomhaireachtaí imscrúdúcháin agus tugann treoracha maidir le cúisimh a dhéanamh

RANNÁN NA nATURNAETHA OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ (Cásanna atá le héisteacht i mBaile Átha Cliath)

ATURNAE STÁIT ÁITIÚIL (Cásanna atá le héisteacht lasmuigh de Bhaile Átha Cliath)

- Treoracha ó Rannán na dTreoracha a chur chun feidhme
 - Freastal ar réamhéisteachtaí sa Chúirt Dúiche
 - Leabhar Fianaise a ullmhú i gcásanna díotála
- Teagasc agus cúnamh a thabhairt don abhcóide ainmnithe atá ag seoladh an ionchúisimh
 - Freastal ar an triail agus tuairisc a thabhairt ar an toradh do Rannán na dTreorach
- Seirbhís idirchaidrimh a sholáthar do ghníomhaireachtaí agus do pháirtithe atá páirteach sa phróiseas coiriúil

ABHCÓIDE IONCHÚISIMH

- Láithriú sa chúirt agus ionchúisimh ar díotáil a sheoladh thar ceann, agus de réir threoracha, an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

NA CÚIRTEANNA

- Cás le linn éisteachta (díotchúiseamh, triail)
 - Toradh an cháis (ciontú/éigiontú)
 - Pianbhreith a ghearradh

14 STRUCHTÚR EAGRÚCHÁIN

